C/2026/3956

23.7.2026

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA

an 6 Iúil 2026

lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019

(C/2026/3956)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 10(4) de,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 224 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]) agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([2]) (an 'Rialachán Airgeadais'),

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) 2015/2401 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir le hinneachar agus feidhmiú Chlár na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([3]),

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ('na Rialacha Nós Imeachta'), agus go háirithe Riail 25(11) agus Riail 241 díobh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gá na nósanna imeachta a leagan síos chun Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chur chun feidhme.

(2) Ar chúiseanna bainistithe fónta airgeadais agus trédhearcachta, ba cheart gach iarratas ar chistiú faoi réir cinneadh ón mBiúró, ar cinneadh é ar cheart a chur in iúl don seolaí agus ba cheart ráiteas faoi na cúiseanna ann i gcás ina ndéanann an beart dochar don seolaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an gCinneadh seo, leagtar síos na nósanna imeachta is infheidhme maidir le Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chur chun feidhme.

Mura rud é go luaitear a mhalairt, tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus le fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha araon.

Is cuid dhílis den Chinneadh seo iad na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

([1]) IO L 2025/2445, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj.
([2]) IO L 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
([3]) IO L 333, 19.12.2015, p. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2401/oj.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Chinnidh seo:

(1) ciallaíonn 'iarratasóir' an páirtí nó an fhondúireacht a dhéanann iarratas ar chistiú de bhun Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, tar éis glao ar ranníocaíochtaí nó tar éis glao ar thograí;

(2) ciallaíonn 'oifigeach údarúcháin trí tharmligean' an comhalta foirne a bhfuil cumhachtaí an oifigigh údarúcháin tarmligthe dó i gcomhréir leis an gCinneadh ón mBiúró an 20 Eanáir 2025 ([4]) agus an cinneadh ón Ardrúnaí maidir le dualgais an oifigigh údarúcháin a tharmligean;

(3) ciallaíonn 'Údarás' 'an tÚdarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha', arna bhunú le Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(4) ciallaíonn 'tairbhí' an páirtí ar dámhadh ranníocaíocht air nó an fhondúireacht ar dámhadh deontas uirthi de bhun Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(5) ciallaíonn 'méid deiridh an chistithe' méid na rannaíochta deiridh (do pháirtithe) nó méid an deontais deiridh (d'fhondúireachtaí), arna mbunú ag an mBiúró tar éis a chinnidh maidir leis an tuarascáil bhliantúil;

(6) ciallaíonn 'fondúireacht' 'fondúireacht pholaitiúil Eorpach' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(7) ciallaíonn 'cistiú' ranníocaíocht de réir bhrí Theideal XI den Rialachán Airgeadais (do pháirtithe) nó deontas oibriúcháin de réir bhrí Theideal VIII den Rialachán Airgeadais (d'fhondúireachtaí);

(8) ciallaíonn 'cinneadh cistiúcháin' an cinneadh maidir le ranníocaíocht (do pháirtithe) nó deontas (d'fhondúireachtaí) a dhámhachtain, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a shonraítear sa ghlao;

(9) ciallaíonn 'comhaontú cistiúcháin' an comhaontú idir an Pharlaimint agus an tairbhí maidir le ranníocaíocht (do pháirtithe) nó deontas (d'fhondúireachtaí), i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a shonraítear sa ghlao agus le téarmaí an Chinnidh Cistiúcháin;

(10) ciallaíonn 'nós imeachta cistiúcháin' an nós imeachta a leanann ó iarratais a chur isteach go dtí go mbíonn an tuarascáil bhliantúil formheasta agus go mbíonn an cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe glactha;

(11) ciallaíonn 'páirtí' 'páirtí polaitiúil Eorpach' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445.

Airteagal 3

Glaonna

1. Tar éis formheas a fháil ón mBiúró, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean go bhfoilseofar glao ar ranníocaíochtaí, maidir le páirtithe, agus glao ar thograí, maidir le fondúireachtaí ('glaonna').

2. Sonrófar sna glaonna an spriocdháta, do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí, chun a n-iarratais ar chistiú i scríbhinn a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

3. Beidh an méid seo a leanas sna glaonna:

(a) na cuspóirí atá le saothrú;

(b) an creat dlíthiúil,

(c) amlíne an nós imeachta cistiúcháin,

(d) na socruithe maidir le maoiniú ón Aontas,

(e) na critéir incháilitheachta agus eisiaimh

(f) (i gcás fondúireachtaí amháin) na critéir roghnúcháin,

(g) na critéir mar a shonraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445,

([4]) Cinneadh ón mBiúró an 20 Eanáir 2025 maidir leis na rialacha inmheánacha maidir le Buiséad Pharlaimint na hEorpa a chur chun feidhme.

(h) foirm iarratais foirm theimpléid don bhuiséad measta atá le soláthar ag an iarratasóir lena iarratas,

(i) más infheidhme, liosta de na doiciméid tacaíochta is gá,

(j) na téarmaí agus coinníollacha speisialta agus ginearálta maidir le dámhachtain ranníocaíochtaí agus deontas, arna bhformheas ag an mBiúró,

(k) maidir le páirtithe, cineál an chaiteachais a fhéadfar a aisíoc ón ranníocaíocht, agus, i ndáil le fondúireachtaí, na catagóirí costas a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh cistiú ón deontas.

4. Sonrófar sa ghlao ar ranníocaíochtaí agus sa ghlao ar thograí nach mór do gach iarratasóir é féin a thiomnú go sainráite i scríbhinn chun na téarmaí agus na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh mar choinníoll go mbeidh a iarratas inghlactha.

5. Sonrófar sna glaonna ar ranníocaíochtaí agus sna glaonna ar thograí nár cheart glanchaillteanas sa bhliain a bheith mar thoradh ar an mbuiséad measta, ach amháin má chumhdaítear an caillteanas sin le méid coibhéiseach cúlchistí ar an gclár comhardaithe amhail ag deireadh na bliana airgeadais roimhe sin.

Airteagal 4

Iarratas ar chistiú

1. I gcomhréir le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, déanfaidh iarratasóir a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 22(1) nó (2) den Rialachán sin agus ar mian leis cistiú a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais, iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

2. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean cuireadh a thabhairt don iarratasóir doiciméid tacaíochta bhreise nó soiléirithe breise maidir leis an iarratas a chur isteach, laistigh de spriocdháta réasúnach. Mura soláthrófar na doiciméid nó na soiléirithe a iarradh faoin sprioc-am sin, d'fhéadfaí an t-iarratas a dhiúltú.

Airteagal 5

Cinneadh maidir leis an iarratas ar chistiú

1. Ar bhonn togra ón Ardrúnaí, déanfaidh an Biúró, laistigh de thrí mhí tar éis an glao lena mbaineann a dhúnadh, cinneadh maidir leis na hiarratais ar chistiú tar éis comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh seo a fhíorú, agus cinnfidh sé uasmhéid an chistithe shealadaigh a dhámhfar don iarratasóir. Cuirfidh an Biúró san áireamh aon athruithe a tharla i gcás iarrthóra tar éis an t-iarratas ar chistiú a chur isteach. Cuirfidh an tUachtarán na hiarratasóirí ar an eolas i scríbhinn faoi chinneadh an Bhiúró agus faoi uasmhéid an chistithe shealadaigh a dámhadh ar an iarratasóir.

2. Má dhéanann an Biúró an t-iarratas a fhormheas, déanfaidh an tairbhí agus Parlaimint na hEorpa, arna hionadú ag an oifigeach údarúcháin trí tharmligean, comhaontú cistiúcháin a shíniú, i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) nó in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí).

3. I gcás ina ndiúltaítear d'iarratas nó mura ndámhtar na méideanna a iarrtar go páirteach nó go hiomlán, luafar sa chinneadh arna dhéanamh ag an mBiúró i gcomhréir le mír (1) na forais don diúltú. Áireofar san fhaisnéis a sholáthraítear don iarratasóir maidir leis an diúltú na modhanna atá ar fáil maidir le sásamh riaracháin agus/nó breithiúnach.

4. Is é an t-uasmhéid cistiúcháin shealadaigh an chuid is ísle de na méideanna seo a leanas: an méid a d'iarr an páirtí nó an fhondúireacht san iarratas, méid nach mó ná 95 % den chaiteachas inaisíoctha iomlán nó de na costais incháilithe iomlána a chuirtear i láthair sa bhuiséad measta, i gcomhréir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445; agus (b) an méid a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Déanfar méid deiridh an chistithe a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 8 den Chinneadh seo.

5. Má tá na méideanna in aghaidh an iarratasóra éagsúil go mór leis na méideanna a rabhthas ag súil leo tráth foilsithe na nglaonna dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh seo, féadfaidh an Biúró a iarraidh ar Uachtarán Pharlaimint na hEorpa togra a chur faoi bhráid an choiste atá freagrach as na méideanna sin chun na leithreasaí atá ar fáil a oiriúnú.

Airteagal 6

Íocaíochtaí

1. Íocfar an cistiú le tairbhithe i bhfoirm réamh-mhaoinithe, mar a shonraítear tuilleadh sna Téarmaí agus Coinníollacha Speisialta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) agus in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí). Mura rud é go gcinnfidh an Biúró a mhalairt i gcásanna cuí-réasúnaithe, íocfar an réamh-mhaoiniú in aon tráthchuid amháin a chomhfhreagraíonn do 100 % d'uasmhéid an chistithe shealadaigh.

2. Ar bhonn cás ar chás agus faoi réir anailís riosca, féadfaidh an Biúró a chinneadh go gceanglófaí ar thairbhí ráthaíocht réamh-mhaoinithe a thaisceadh i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

3. Sonrófar na forálacha maidir le híocaíochtaí agus a spriocdhátaí sa chomhaontú cistiúcháin. Ní íocfar aon chistiú leis na tairbhithe sula síneofar an comhaontú cistiúcháin.

Airteagal 7

Iniúchóireacht sheachtrach

1. Gheobhaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ón tairbhí an tuarascáil iniúchóireachta seachtraí a shonraítear in Airteagal 28(1), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, arna hullmhú ag na comhlachtaí nó na saineolaithe seachtracha neamhspleácha a bhfuil sainordú acu de bhun Airteagal 28(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

2. Déantar raon feidhme na hiniúchóireachta seachtraí a shonrú in Airteagal 28(1), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Déantar cuspóir na hiniúchóireachta seachtraí a shonrú tuilleadh i bhforálacha infheidhme Chuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) agus Chuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí).

Airteagal 8

Cinneadh maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus maidir le méid deiridh an chistithe

1. Ar bhonn togra ón Ardrúnaí, déanfaidh an Biúró an tuarascáil bhliantúil a fhormheas nó diúltú di faoin 31 /Nollaig den bhliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann sa tuarascáil bhliantúil.

2. Féadfaidh an Biúró nó an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean a iarraidh ar an tairbhí faisnéis bhreise a thíolacadh chun a fhíorú go bhfuil na rialacha ábhartha á gcomhlíonadh. Déanfar rialú ar an gcomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

3. Má iarrann an Biúró nó an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean an fhaisnéis bhreise sin, déanfar an spriocdháta don chinneadh ar an tuarascáil bhliantúil a fhadú go dtí go bhfaighfear an fhaisnéis bhreise sin agus go ndéanfar meastóireacht uirthi. Féadfar an sprioc-am a fhadú freisin nuair a bhí faisnéis bhreise iarrtha ag an Údarás de bhun Airteagal 29(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

4. Maidir le páirtithe, déanfaidh an Biúró, ar bhonn na tuarascála bliantúla sin, méid an chaiteachais inaisíoctha agus méid deiridh an chistithe. I gcás ina ndéantar an cistiú gan íoc a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais dár gcionn, déanfar méid deiridh an chistithe a bhunú i gcomhréir le Cuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a.

5. Maidir le fondúireachaí, déanfaidh an Biúró, ar bhonn na tuarascála bliantúla sin, méid na gcostas incháilithe agus méid deiridh an chistithe a chinneadh go bliantúil.

6. Ní rachaidh méid deiridh an chistithe thar 95 % de chaiteachas inaisíoctha bliantúil páirtí agus 95 % de chostais incháilithe bhliantúla fondúireachta. In aon chás, ní rachaidh méid deiridh an chistithe thar uasmhéid an chistithe shealadaigh a leagtar síos sa chomhaontú cistiúcháin.

7. Ar bhonn mhéid deiridh an chistithe arna chinneadh i gcomhréir le míreanna 4 go 6, agus na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe a rinneadh cheana faoin gcinneadh cistiúcháin agus faoin gcomhontú cistiúcháin, cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean na méideanna atá dlite don tairbhí nó do Pharlaimint na hEorpa.

8. Cinnfear méid deiridh an chistithe gan dochar do cheart Pharlaimint na hEorpa feidhm a bhaint as rialuithe ex post i gcomhréir le Cuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) agus i gCuid B de na Téarmaí Ginearálta agus Coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí) agus an fhéidearthacht méid deiridh an chistithe a choigeartú go cúlghabhálach i bhfianaise thorthaí na rialuithe sin nó iniúchtaí nó imscrúduithe eile ag na comhlachtaí inniúla.

9. Cuirfear na cinntí arna nglacadh faoin Airteagal seo in iúl don tairbhí mar chinneadh aonfhoirmeach, i gcomhréir le Riail 241(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

10. Déantar an nós imeachta is infheidhme chun an tuarascáil bhliantúil a fhormheas agus chun glacadh an chinnidh faoi mhéid deiridh an chistithe a shonrú tuilleadh i gCuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) agus i gCuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí).

Airteagal 9

Nós imeachta fionraíochta

1. I gcomhréir le rialacha infheidhme an Rialacháin Airgeadais agus leis na forálacha is infheidhme i gCuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) agus i gcuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí), féadfaidh an Biúró a chinneadh, ar mholadh ón Ardrúnaí, íoc an chistithe a fhionraí do pháirtí polaitiúil nó d'fhondúireacht pholaitiúil agus cinneadh a dhéanamh maidir le hathchromadh ar an íocaíocht i gcás nach mbeidh feidhm ag na forais le haghaidh na bhfionraí sin a thuilleadh. Beidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean inniúil ar an nós imeachta sin a thionscnamh agus gach beart is gá a dhéanamh i gcomhréir le Cuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a (do pháirtithe) agus i gCuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1b (d'fhondúireachtaí) roimh an gcinneadh sin ón mBiúró.

2. Beidh feidhm ag an tríú fomhír de Riail 241(1) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le cinntí arna nglacadh ag an mBiúró faoin Airteagal seo.

Airteagal 10

Nós imeachta chun cinneadh cistiúcháin a fhoirceannadh nó a tharraingt siar

1. Sula ndéanfaidh an Biúró cinneadh maidir le cinneadh cistiúcháin a fhoirceannadh de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 nó maidir lena tharraingt siar de bhun Airteagal 37 den Rialachán sin, beidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean inniúil ar an nós imeachta a thionscnamh agus ar gach beart is gá a dhéanamh, i gcomhréir le Cuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a a ghabhann leis an gCinneadh seo (do pháirtithe) agus le Cuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 1b a ghabhann leis an gCinneadh seo (d'fhondúireachtaí).

2. Déanfaidh an Biúró cinneadh maidir le togra ón Ardrúnaí i ndáil le cinneadh cistiúcháin a fhoirceannadh nó a tharraingt siar. Beidh feidhm ag an tríú fomhír de Riail 241(1) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le haon chinneadh mar sin.

3. Tar éis an cinneadh a bheith glactha ag an mBiúró chun an cinneadh cistiúcháin a fhoirceannadh nó a tharraingt siar, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean, gan mhoill, fógra a thabhairt don tairbhí faoi fhoirceannadh an chomhaontaithe cistiúcháin.

4. Beidh sé de chumhacht ag an oifigeach údarúcháin trí tharmligean na horduithe gnóthaithe is gá a eisiúint.

Airteagal 11

Rialú

Déanfar foráil sa chomhaontú cistiúcháin do chearta Pharlaimint na hEorpa agus na n-údarás inniúil eile a gcumhachtaí rialaithe a fheidhmiú maidir leis an tairbhí, amhail dá dtagraítear in Airteagail 29 agus 30 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Airteagal 12

Tacaíocht theicniúil

I gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, féadfaidh tairbhithe iarratas a dhéanamh ar thacaíocht theicniúil ó Pharlaimint na hEorpa. Leagtar síos an nós imeachta, na coinníollacha agus na costais sa Chinneadh ón mBiúró an 22 Aibreán 2024 lena rialaítear imeachtaí ar áitribh Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 13

An ceart chun éisteacht a fháil

Sna cásanna, de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus faoin gcomhaontú cistiúcháin is infheidhme, lena n-áirítear a Théarmaí agus Coinníollacha Speisialta agus Ginearálta, go bhfuil an tairbhí nó duine nádúrtha amhail dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445 i dteideal, roimh aon chinneadh arna ghlacadh ag an bParlaimint, barúlacha a thíolacadh, tabharfar tréimhse de 10 lá oibre, ach amháin sa chás go bhforáiltear dá mhalairt sna rialacha is infheidhme, don tairbhí nó don duine nádúrtha i dtrácht chun barúlacha i scríbhinn a thíolacadh. Ar iarraidh réasúnaithe ón tairbhí nó ón duine nádúrtha i dtrácht, féadfar fadú 10 lá oibre eile a chur aon uair amháin leis an tréimhse sin.

Airteagal 14

Aisghairm agus teacht i bhfeidhm

1. Aisghairtear an Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 01 Iúil 2019 ([5]) le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Leanfaidh an Cinneadh sin d'fheidhm a bheith aige, áfach, maidir le gníomhartha agus gealltanais a bhaineann le cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha do na blianta airgeadais 2025 agus 2026.

2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 15

Foilsiú

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa.

([5]) IO C 249, 25.7.2019, lch. 2.

IARSCRÍBHINN 1a

[SAMHAIL] COMHAONTÚ RANNÍOCAÍOCHTA — PÁIRTÍ

UIMHIR: … [CUIR ISTEACH]

Tá Parlaimint na hEorpa, a bhfuil a Rúnaíocht suite in
Plateau du Kirchberg, L-2929 Lucsamburg,
dá ngairtear 'Parlaimint na hEorpa' anseo feasta,
arna ionadú, i leith shíniú an chomhaontaithe seo,
ag …… [*sloinne/céadainm/feidhm*],

de pháirt amháin,

agus

[ainm oifigiúil iomlán an tairbhí]
[*foirm dhlíthiúil oifigiúil*]
[*cláruimhir dhlíthiúil*]
[seoladh iomlán oifigiúil]
[uimhir CBL],
dá ngairtear 'an Tairbhí' anseo feasta,
arna ionadú, i leith shíniú an chomhaontaithe seo,
ag ……[*ionadaí atá i dteideal gealltanais dhlíthiúla a dhéanamh*] ……,

den pháirt eile,

TAR ÉIS COMHAONTÚ A DHÉANAMH MAIDIR LEIS

na Téarmaí agus Coinníollacha Speisialta seo a leanas, na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus an buiséad measta san Iarscríbhinn a bheidh mar chuid dhílis den chomhaontú seo.

Beidh tosaíocht ag forálacha na dTéarmaí agus Coinníollacha Speisialta ar fhorálacha chodanna eile an chomhaontaithe seo. Beidh tosaíocht ag forálacha na dTéarmaí agus Coinníollacha Ginearálta ar fhorálacha na hIarscríbhinne.

CLÁR NA N-ÁBHAR

Leathanach

I. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SPEISIALTA** 11

Airteagal I.1. — ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE 11

Airteagal I.2. — TRÉIMHSE INCHÁILITHEACHTA 11

Airteagal I.3. — CINEÁL AN CHISTITHE 11

Airteagal I.4. — Méid *UASTA CISTIÚCHÁIN SHEALADAIGH* 11

Airteagal I.5. — ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS SOCRUITHE LE hAGHAIDH ÍOCAÍOCHTAÍ 11

I.5.1. Réamh-mhaoiniú 11

I.5.2. An t-iarmhéid a íoc leis an tairbhí 11

I.5.3. Airgeadra 11

Airteagal I.6. — CUNTAS BAINC 12

Airteagal I.7. — FORÁLACHA GINEARÁLTA RIARACHÁIN 12

Airteagal I.8. TEACHT I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE 12

II. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA** 12

CUID A: *FORÁLACHA DLÍTHIÚLA AGUS RIARACHÁIN* 12

Airteagal II.1. — SAINMHÍNITHE 12

Airteagal II.2. — OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA AN TAIRBHÍ 13

Airteagal II.3. — OIBLEAGÁIDÍ ATÁ NASCTHA LE CUNTAS BAINC 14

Airteagal II.4. — DLITEANAS AS DAMÁISTÍ 14

Airteagal II.5. — RÚNDACHT 14

Airteagal II.6. — PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA 14

Airteagal II.7. — TAIFID A CHOIMEÁD 14

Airteagal II.8. — INFHEICTHEACHT AN CHISTITHE ÓN AONTAS 15

II.8.1. Faisnéis i dtaobh cistiú ón Aontas 15

II.8.2. Séanadh 15

II.8.3. Foilsiú faisnéise ag Parlaimint na hEorpa 15

Airteagal II.9. — DÁMHACHTAIN CONARTHAÍ AG AN TAIRBHÍ 15

II.9.1. Prionsabail 15

II.9.2. Nósanna imeachta soláthair 16

II.9.3. Dliteanas 16

Airteagal II.10. — TACAÍOCHT AIRGEADAIS D'EINTITIS CHOMHLACHAITHE 16

Airteagal II.11. — FORCE MAJEURE 17

Airteagal II.12. — ÍOCAÍOCHT AN CHISTITHE A FHIONRAÍ 17
II.12.1. Forais don fhionraí 17
II.12.2. Nós imeachta don fhionraí 17
II.12.3. Éifeachtaí na fionraí 17
II.12.4. Athchromadh ar íocaíocht 17
Airteagal II.13. — TARRAINGT SIAR AN CHINNIDH CISTIÚCHÁIN AG PARLAIMINT NA hEORPA 18
II.13.1. Forais don tarraingt siar 18
II.13.2. Nós imeachta don tarraingt siar 18
Airteagal II.14. — FOIRCHEANNADH AN CHINNIDH CISTIÚCHÁIN 18
II.14.1. Foirceannadh arna iarraidh sin ag an tairbhí 18
II.14.2. Foirceannadh ag Parlaimint na hEorpa 18
Airteagal II.15. — SANNADH 19
Airteagal II.16. — ÚS AR ÍOCAÍOCHT DHÉANACH 19
Airteagal II.17. — AN DLÍ IS INFHEIDHME 19
Airteagal II.18. — AN CEART CHUN ÉISTEACHTA 19
CUID B: *FORÁLACHA AIRGEADAIS* 20
Airteagal II.19. — CAITEACHAS INAISÍOCTHA 20
II.19.1. Coinníollacha 20
II.19.2. Samplaí de chaiteachas in-aisíoctha 20
Airteagal II.20. — CAITEACHAS NEAMH-INAISÍOCTHA 21
Airteagal II.21. — SOCHAIR NEAMHAIRGID 21
Airteagal II.22. — AISTRITHE BUISÉID 21
Airteagal II.23. — OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE 22
II.23.1. Tuarascáil bhliantúil 22
II.23.2. Tuarascáil iniúchóireachta seachtraí 22
Airteagal II.24. — CINNEADH AR AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 23
Airteagal II.25. — CINNEADH MAIDIR LE MÉID DEIRIDH AN CHISTITHE 23
II.25.1. Tionchar na tuarascála bliantúla 23
II.25.2. Tairseach 23
II.25.3. Tabhairt ar aghaidh an chistithe nár caitheadh 23
II.25.4. Cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe 24
II.25.5. An cistiú nár caitheadh a ghnóthú 24

II.25.6. Iarmhéid an chistithe 24
II.25.7. Barrachas acmhainní dílse 24
Airteagal II.26. — ÚS AR RÉAMH-MHAOINIÚ 25
Airteagal II.27. — GNÓTHÚ 25
II.27.1. Ús ar íocaíocht dhéanach 25
II.27.2. Frithláireamh 25
II.27.3. Muirir bhainc 25
Airteagal II.28. — RÁTHAÍOCHT AIRGEADAIS 26
Airteagal II.29. — RIALÚ 26
II.29.1. Forálacha ginearálta 26
II.29.2. An oibleagáid doiciméid agus/nó faisnéis a sholáthar 26
II.29.3. Seiceálacha ar an láthair ag an údarás inniúil 26
II.29.4. Nós imeachta rialaithe contrártha ag Parlaimint na hEorpa 27
II.29.5. Éifeachtaí conclúidí agus fionnachtana rialaithe 27
II.29.6. Cearta rialaithe ag OLAF 27
II.29.7. Cearta rialaithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa 27
II.29.8. Cearta rialaithe ag OIPE 28
II.29.9. Breithniú ar thorthaí rialaithe agus méid deiridh an chistithe á chinneadh 28
II.29.10. Mainneachtain na hoibleagáidí faoi Airteagal II.29.1 go hAirteagal II a chomhall. 29.3. 28
IARSCRÍBHINN — BUISÉAD MEASTA 29

I. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SPEISIALTA**

AIRTEAGAL I.1. — ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE

Dámhann Parlaimint na hEorpa cistiú chun gníomhaíochtaí agus cuspóirí reachtúla an tairbhí a chur chun feidhme sa bhliain airgeadais [cuir isteach], i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sna Téarmaí agus sna Coinníollacha Speisialta agus sna Téarmaí agus sna Coinníollacha Ginearálta ('téarmaí agus coinníollacha'), agus i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú seo. Is cur chun feidhme é sin ar an gcinneadh cistiúcháin a ghlac Parlaimint na hEorpa an [cuir isteach an dáta].

Úsáidfidh an tairbhí an cistiú chun a ghníomhaíochtaí agus a chuspóirí reachtúla a chur chun feidhme, ag gníomhú faoina fhreagracht féin.

AIRTEAGAL I.2. — TRÉIMHSE INCHÁILITHEACHTA

Mairfidh an tréimhse incháilitheachta do chistiú ón Aontas ón [cuir isteach LL/MM/BB] go dtí an [cuir isteach LL/MM/BB].

AIRTEAGAL I.3. — CINEÁL AN CHISTITHE

Beidh na ranníocaíochtaí a dhámhtar don tairbhí de bhun Theideal XI de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'Rialachán Airgeadais') i bhfoirm aisíocaíochta ar chéatadán an chaiteachais inaisíoctha a tabhaíodh iarbhír.

AIRTEAGAL I.4. — MÉID *UASTA CISTIÚCHÁIN SHEALADAIGH*

Ranníocfaidh Parlaimint na hEorpa an t-uasmhéid cistiúcháin shealadaigh de EUR [cuir isteach an méid] i gcomhréir leis an gcinneadh cistiúcháin arna ghlacadh ag an mBiúró an [cuir isteach an dáta].

Leagtar amach an buiséad measta san Iarscríbhinn a chuir an tairbhí isteach ina iarratas ar chistiú.

AIRTEAGAL I.5. — ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS SOCRUITHE LE HAGHAIDH ÍOCAÍOCHTAÍ

Déanfar an cistiú a íoc i gcomhréir leis an tráthchlár agus na socruithe seo a leanas.

I.5.1. **Réamh-mhaoiniú**

Déanfar íocaíocht réamh-mhaoinithe de EUR [cuir isteach méid], arb ionann é agus [100 % mar réamhshocrú, ach murab é sin an cás cuir isteach an céatadán a bheidh cinntithe ag Parlaimint na hEorpa sa Chinneadh Cistiúcháin] den uasmhéid a leagtar síos in Airteagal I.4 den chomhaontú seo, leis an tairbhí laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe nó, más infheidhme, ón dáta a mbeidh an ráthaíocht airgeadais [de EUR... cuir isteach méid, más infheidhme] faighte ag Parlaimint na hEorpa, cibé acu is déanaí.

I.5.2. **An t-iarmhéid a íoc leis an tairbhí**

I gcás ina mbeidh iarmhéid an chistithe le híoc leis an tairbhí, íocfar leis an tairbhí é laistigh de 30 lá i ndiaidh an dáta a glacadh an cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus méid deiridh an chistithe a chinntiú de réir mar a shainítear in Airteagal II.25.

I.5.3. **Airgeadra**

Is in euro a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa na híocaíochtaí. Maidir le haon chomhshó ar chostais iarbhír go euro, déanfar é ag an ráta laethúil a fhoilsítear i Sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó, murar ar an gcaoi sin a dhéantar é, déanfar é ag an ráta cuntasaíochta míosúil arna bhunú ag Parlaimint na hEorpa agus arna fhoilsiú aici ar a suíomh gréasáin, agus bainfidh an comhshó leis an ráta is infheidhme don lá a eiseoidh Parlaimint na hEorpa an t-ordú íocaíochta, ach amháin sa chás go bhforáiltear go sainráite dá mhalairt sna Téarmaí agus Coinníollacha Speisialta.

Measfar íocaíochtaí ag Parlaimint na hEorpa a bheith déanta ar an dáta a dhéantar iad a chur chun dochair do chuntas Pharlaimint na hEorpa.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

AIRTEAGAL I.6. — CUNTAS BAINC

Déanfar na híocaíochtaí, arna sloinneadh in euro, isteach i gcuntas nó fochuntas bainc atá i seilbh an tairbhí sa bhanc atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach agus a bhfuil a chuid mionsonraí tugtha anseo thíos:

Ainm an bhainc: […]
Seoladh an bhrainse ina bhfuil an cuntas: […]
Ainmníocht bheacht shealbhóir an chuntais: […]
Uimhir iomlán an chuntais (lena n-áirítear cóid bhainc): […]
IBAN: […]
BIC / SWIFT: […]

AIRTEAGAL I.7. — FORÁLACHA GINEARÁLTA RIARACHÁIN

Aon chumarsáid a dhírítear chuig Parlaimint na hEorpa i dtaca leis an gcomhaontú seo, déanfar í i scríbhinn, beidh uimhir an chomhaontuithe seo ag gabháil léi agus seolfar í go leictreonach chuig fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu nó tríd an ngnáthphost chuig an seoladh seo a leanas:

Parlaimint na hEorpa
An tArd-Stiúrthóir Airgeadais
[seoladh an fhoirgnimh / na hoifige atá le cur isteach]
L-2929 Lucsamburg
LUCSAMBURG

Measfar gnáthphost a bheith faighte ag Parlaimint na hEorpa an dáta a dhéanann Seirbhís Poist Pharlaimint na hEorpa é a chlárú go foirmiúil.

Aon chumarsáid a dhírítear chuig an tairbhí i dtaca leis an gcomhaontú seo, déanfar í i scríbhinn, beidh uimhir an chomhaontaithe ag gabháil léi agus seolfar í chuig an seoladh seo a leanas nó go leictreonach chuig an seoladh ríomhphoist thíos:

An tUasal […]
[Teideal]
[Ainm oifigiúil an chomhlachta is tairbhí]
[Seoladh iomlán oifigiúil]
Ríomhphost: […]

Cuirfidh an tairbhí in iúl don oifigeach údarúcháin trí tharmligean i scríbhinn má thagann aon athrú ar a sheoltaí poist nó ríomhphoist gan moill mhíchuí. Leanfaidh an oibleagáid sin d'fheidhm a bheith aici ar feadh cúig bliana tar éis dháta na híocaíochta deiridh faoin gcomhaontú seo.

AIRTEAGAL I.8. TEACHT I BHFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE

Tiocfaidh an comhaontú i bhfeidhm an dáta a shínítear é thar ceann Pharlaimint na hEorpa.

II. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA**

CUID A: *FORÁLACHA DLÍTHIÚLA AGUS RIARACHÁIN*

AIRTEAGAL II.1. — SAINMHÍNITHE

Chun críche an chomhaontaithe seo:

(1) ciallaíonn '**tuarascáil ghníomhaíochta**' bonn cirt i scríbhinn i dtaobh na gcostas a tabhaíodh le linn na tréimhse cháilitheachta. Mar shampla, míniú ar ghníomhaíochtaí, costais riaracháin, etc. Is cuid den tuarascáil bhliantúil í an tuarascáil ghníomhaíochta;

(2) ciallaíonn **'tuarascáil bhliantúil'** tuarascáil atá le cur isteach laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE, EURATOM) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus Airteagal 233 den Rialachán Airgeadais;

([2]) Rialachán (AE, Euratrom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 2025/2445, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj).

(3) ciallaíonn **'comhardú an chistithe'** an difríocht idir an méid réamh-mhaoinithe de bhun Airteagal I.5.1 agus méid deiridh an chistithe arna shuíomh de bhun Airteagal II.25.4;

(4) ciallaíonn **'imréiteach réamh-mhaoinithe'** staid ina ndéanann an t-oifigeach údarúcháin méid deiridh an chistithe a shuíomh agus a fhágann nach cuid de mhaoin an Aontais a thuilleadh an méid a íoctar leis an tairbhí;

(5) ciallaíonn **'coinbhleacht leasa'** staid lena ndéantar díobháil do chur chun feidhme neamhchlaon agus oibiachtúil an chomhaontaithe ag an tairbhí ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, cúrsaí mothúcháin, cleamhnacht náisiúnta, leas eacnamaíoch nó aon leas eile atá comhroinnte le haon tríú páirtí atá gaolmhar le hábhar an chomhaontaithe. Ní cúis coinbhleachta leasa, i bprionsabal, atá i gcleamhnacht pholaitiúil i gcás comhaontuithe a thugtar i gcrích idir an páirtí polaitiúil agus na heagraíochtaí a chomhroinneann na luachanna polaitiúla céanna. Mar sin féin, sa chás gur ann do chomhaontú den sórt sin, ní mór Airteagal 27 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chomhlíonadh;

(6) ciallaíonn '**bliain airgeadais N**' an bhliain airgeadais ar bronnadh an ranníocaíocht ina leith i gcomhréir leis an gcinneadh cistiúcháin dá dtagraítear in Airteagal I.1;

(7) ciallaíonn '**force majeure**' aon staid nó teagmhas neamh-intuartha, eisceachtúil nach bhfuil aon smacht ag an tairbhí nó ag Parlaimint na hEorpa orthu a choisceann ceachtar acu óna gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gcomhaontú agus nach féidir a lua le hearráid nó faillí dá gcuid féin nó de chuid fochonraitheoirí, eintiteas gaolmhar nó tríú páirtithe atá ag fáil tacaíocht airgeadais agus is léir a bheith dosheachanta in ainneoin an díchill chuí uathusan. Ní féidir na nithe seo a leanas a agairt mar force majeure: díospóidí oibreachais, stailceanna, deacrachtaí airgeadais nó aon mhainneachtain seirbhíse, fabht i dtrealamh nó ábhar nó moilleanna ina gcur ar fáil, mura rud é go n-eascraíonn siad sin go díreach as cás ábhartha force majeure;

(8) ciallaíonn **'fógra foirmiúil a thabhairt'** cumarsáid a dhéanamh i scríbhinn tríd an bpost nó le teachtaireacht ríomhphoist agus cruthúnas seachadta a bheith ag gabháil leis an gcumarsáid sin;

(9) ciallaíonn **'calaois'** aon ghníomh nó neamhghníomh intinniúil a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus a bhaineann le húsáid a bhaint as ráitis nó doiciméid atá falsa, mícheart nó neamhiomlán, nó ráitis nó doiciméid den sórt sin a thabhairt ar aird, nó gan faisnéis a nochtadh i sárú ar oibleagáid shonrach;

(10) ciallaíonn '**cistiú**' ranníocaíocht a dhámhtar i gcomhréir le Teideal XI den Rialachán Airgeadais agus Caibidil IV de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(11) ciallaíonn **'mírialtacht'** aon sárú ar fhoráil de chuid dhlí an Aontais a bhíonn ann mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh ag an tairbhí agus a bhfuil nó a bhféadfadh a bheith d'éifeacht aige go ndéanfaí dochar do bhuiséad an Aontais;

(12) ciallaíonn '**sochair neamhairgid**' aon tairiscint nó ranníocaíocht chomhchineáil, aon earraí, seirbhísí nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh, agus aon idirbheart eile arb ionann é agus buntáiste eacnamaíoch don tairbhí de réir bhrí Airteagal 2, pointí (9) agus (10), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

(13) ciallaíonn '**acmhainní dílse**' na foinsí cistiúcháin seachas cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais, arb é atá iontu tabhartais, ranníocaíochtaí, acmhainní féinghinte (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (9), (10) agus (11), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445) agus ioncam eile (e.g. ús a thuilltear ar chúlchistí, damáistí dlíthiúla);

AIRTEAGAL II.2. — OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA AN TAIRBHÍ

Maidir leis an tairbhí:

(a) is air a bheidh an fhreagracht iomlán as aon oibleagáid dhlíthiúil atá air a chomhlíonadh agus is air a bheidh an t-ualach a chruthú go gcomhlíontar í;

(b) beidh sé de cheangal air aon damáiste a fhulaingíonn Parlaimint na hEorpa mar thoradh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe, lena n-áirítear cur chun feidhme mícheart, a chúiteamh, ach amháin i gcásanna de *force majeure*;

(c) is air a bheidh an dliteanas iomlán i leith tríú páirtithe, lena n-áirítear i leith damáiste d'aon chineál a fhulaingíonn siad le linn chur chun feidhme an chomhaontaithe;

(d) cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa láithreach má thagann aon athrú ar a staid dhlíthiúil, airgeadais, theicniúil, eagraíochtúil nó úinéireachta agus freisin i dtaobh aon athrú ar a ainm, a sheoladh nó a ionadaí dlíthiúil;

(e) déanfaidh sé gach beart is gá chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon choinbhleacht leasa chun cinn.

AIRTEAGAL II.3. — OIBLEAGÁIDÍ ATÁ NASCTHA LE CUNTAS BAINC

An cuntas nó fochuntas dá dtagraítear in Airteagal I.6, ní mór go mbeadh sé indéanta na méideanna atá íoctha ag Parlaimint na hEorpa a shainaithint iontu agus ní mór iad a fhorchoimeád go heisiach chun na méideanna dá dtagraítear in Airteagal I.5 a íocann Parlaimint na hEorpa a fháil.

Más rud é, faoi dhlí an Bhallstáit arb ina chríoch atá an cuntas oscailte, go bhfaightear ús nó sochair choibhéiseacha ar na méideanna a íoctar isteach sa chuntas mar réamh-mhaoiniú, déanfaidh Parlaimint na hEorpa an t-ús nó na sochair sin a ghnóthú faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal II.26, i gcomhréir le hAirteagal 232(5) den Rialachán Airgeadais.

Ní dhéanfar, in imthosca ar bith, na méideanna a íocfaidh Parlaimint na hEorpa a úsáid chun críocha amhantraíochta.

Fanfaidh an réamh-mhaoiniú ina mhaoin de chuid an Aontais go dtí go mbeidh sé imréitithe i gcoinne mhéid deiridh an chistithe.

AIRTEAGAL II.4. — DLITEANAS AS DAMÁISTÍ

Ní fhéadfar Parlaimint na hEorpa a choinneáil faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéantar don tairbhí nó a fhulaingíonn an tairbhí, lena n-áirítear aon damáiste a dhéanann tríú páirtithe le linn nó mar thoradh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe seo.

Ach amháin i gcásanna de *force majeure*, déanfaidh an tairbhí nó an duine gaolmhar cúiteamh le Parlaimint na hEorpa as aon damáiste a fhulaingíonn sí mar thoradh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe nó mar gheall ar gan an comhaontú a chur chun feidhme i lán-chomhlíonadh a chuid forálacha.

AIRTEAGAL II.5. — RÚNDACHT

Mura sonrófar a mhalairt sa chomhaontú seo, in Airteagal 39 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus i ngníomhartha dlíthiúla eile an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), geallfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tairbhí go gcaomhnóidh siad an rúndacht a ghabhann le haon doiciméad, faisnéis nó ábhar eile a bhaineann go díreach le hábhar an chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL II.6. — PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chomhaontaithe, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa, comhlíonfaidh sí Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

Is chun críocha chur chun feidhme agus fhaireachán an chomhaontaithe seo, agus chun na gcríoch sin amháin, a dhéanfar na sonraí sin a phróiseáil, gan dochar don fhéidearthacht iad a aistriú chuig comhlachtaí atá freagrach as cúraimí fíoraithe agus iniúchóireachta a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais.

Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanfaidh an tairbhí i dtaca leis an gcomhaontú seo, tá sí faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Gan dochar do na cásanna eile dá bhforáiltear sa Rialachán sin, ní údaraítear próiseáil ar shonraí pearsanta i ndáil leis an gcomhaontú seo ach amháin má tá sé sin riachtanach chun an comhontú seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL II.7. — TAIFID A CHOIMEÁD

I gcomhréir le hAirteagal 236 den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an tairbhí gach taifead, lena n-áirítear taifid chuntasaíochta, staitistiúla agus cánach, agus doiciméid tacaíochta a bhaineann le cur chun feidhme an chomhaontaithe a choimeád ar feadh 5 bliana tar éis na híocaíochta deiridh a bhaineann leis an gcomhaontú.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 o Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

Taifid a bhaineann le hiniúchtaí, le hachomhairc, le dlíthíocht, le socrú éileamh a eascraíonn as úsáid an chistithe nó le himscrúduithe ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), má thugtar fógra don tairbhí ina dtaobh, déanfar iad a choinneáil go dtí go dtiocfaidh críoch leis na hiniúchtaí, na hachomhairc, an dlíthíocht, an socrú éilimh nó na himscrúduithe sin.

I gcás aon chonradh soláthair a thugann an tairbhí i gcrích chun an comhaontú a chur chun feidhme, coimeádfaidh an tairbhí taifead ar an nós imeachta tairisceana, lena n-áirítear an comhfhreagras bunaidh (leictreonach/páipéar) (amhail cuirí chun tairisceana agus sonraíochtaí na tairisceana), taifead i scríbhinn ar mheastóireacht na dtairiscintí a fuarthas, an t-údar i scríbhinn le rogha an tsoláthróra deiridh, agus an conradh bunaidh arna shíniú ag an dá pháirtí.

AIRTEAGAL II.8. — INFHEICTHEACHT AN CHISTITHE ÓN AONTAS

II.8.1. **Faisnéis i dtaobh cistiú ón Aontas**

Mura n-iarrfaidh nó mura gcomhaontóidh Parlaimint na hEorpa a mhalairt, déanfar aon chumarsáid nó foilseachán (lena n-áirítear ar líne), lena n-áirítear ag comhdhálacha nó seimineáir, agus aon ábhar faisnéise, amhail bróisiúir, bileoga, póstaeir, cuir i láthair a dhéanann an tairbhí, agus a bhaineann le gníomhaíocht arna cistiú ag an ranníocaíocht, tacaíocht ón Aontas don tairbhí a aithint, tríd an ráiteas cistiúcháin seo a leanas (arna aistriú go teangacha áitiúla, i gcás inarb iomchuí):

'*Maoinítear an páirtí polaitiúil Eorpach [ainm nó acrainm] suas le 95 % ar a mhéad ó chistí an Aontais.*'

II.8.2. **Séanadh**

Tabharfar le fios in aon chumarsáid nó foilseachán ag an tairbhí, is cuma cén fhoirm nó cén meán, gur ar an tairbhí amháin atá an dliteanas agus nach bhfuil an tAontas Eorpach freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá iontu.

II.8.3. **Foilsiú faisnéise ag Parlaimint na hEorpa**

I gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, foilseoidh Parlaimint na hEorpa ar a suíomh gréasáin an fhaisnéis a bhfuil sí freagrach aisti, mar a shonraítear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

AIRTEAGAL II.9. — DÁMHACHTAIN CONARTHAÍ AG AN TAIRBHÍ

II.9.1. **Prionsabail**

Féadfar cistiú a úsáid chun caiteachas a bhaineann le conarthaí a thugann an tairbhí i gcrích a aisíoc, ar choinníoll:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 226(2) den Rialachán Airgeadais, nach raibh aon choinbhleachtaí leasa ann nuair a dámhadh na conarthaí;

(b) i gcomhréir le hAirteagal 163(1) den Rialachán Airgeadais, gur comhalladh prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe nuair a dámhadh na conarthaí;

(c) nach mó ná 5 bliana fad na gconarthaí soláthair lena mbaineann, lena n-áirítear athnuachan;

(d) i gcás conarthaí soláthair ar mó a luach ná EUR 60 000 (gan CBL a áireamh) in aghaidh an tsoláthróra agus in aghaidh an earra nó na seirbhíse, go n-eagróidh an tairbhí nósanna imeachta tairisceana i gcomhréir le hAirteagal II.9.2;

Ní chinnfear luach measta conartha d'fhonn imchéimniú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme, ná ní scoiltfear conradh chun na críche sin. Chun a chinneadh ar baineadh amach an tairseach EUR 60 000 (gan CBL a áireamh), cuirfear i gcuntas luach foriomlán an chonartha thar thréimhse iomlán bheartaithe an chonartha, lena n-áirítear aon mhéid a bhaineann le fochonraitheoireacht.

II.9.2. **Nósanna imeachta soláthair**

I gcás conarthaí soláthair ar mó a luach ná EUR 60 000 (gan CBL a áireamh), eagróidh an tairbhí nósanna imeachta soláthair i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) áireofar sa ghlao ar thairiscintí (cuireadh i scríbhinn chun tairiscint a dhéanamh) critéir eisiaimh, critéir roghnúcháin (lena n-áirítear íoschumas airgeadais agus teicniúil), critéir dhámhachtana agus modh scórála bunaithe ar phraghas agus ar cháilíocht nó ar phraghas amháin, agus sonraíochtaí teicniúla (táirgí insoláthartha tuartha, cáilíocht agus méid ionchasach na seirbhísí/na n-earraí) nach mór don tairbhí measúnú a dhéanamh ar thairiscintí ina n-aghaidh; cuirfidh tairgeoirí tairiscintí dátaithe agus sínithe isteach maille le praghsanna (lena n-áirítear praghsanna in aghaidh an aonaid más infheidhme) agus doiciméid tacaíochta, ina lamhálfar do chomparáid idir tairiscintí;

(b) déanfar an glao ar thairiscintí a fhoilsiú nó a sheoladh trí shlite iomchuí, chun iomaíocht leathan le sprioc-amanna réasúnacha (10 lá ar a laghad) a áirithiú chun iarratais/tairiscintí a chur isteach;

(c) baileoidh an tairbhí trí thairiscint neamhspleácha ar a laghad. Más lú ná a trí líon na dtairiscintí neamhspleácha a fhreagraíonn don chuireadh i scríbhinn chun tairiscint a dhéanamh, léireoidh an tairbhí go raibh sé dodhéanta breis tairiscintí a fháil don soláthar i dtrácht;

(d) déanfar meastóireacht ar thairiscintí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa ghlao ar thairiscintí; léireofar scóir sa tuarascáil mheastóireachta, leagfar béim inti ar bhuntáistí comparáideacha an tairgeora roghnaithe agus beidh sí dátaithe agus sínithe ag ionadaí nó ionadaithe de chuid an tairbhí, nach bhfuil aon choinbhleacht leasa acu;

(e) déanfaidh an dá pháirtí na conarthaí a dhátú agus a shíniú agus léireofar iontu na téarmaí céanna agus atá sa tairiscint, nó cuirfear san áireamh iontu téarmaí nach lú fabhar don tairbhí;

(f) lamhálfar d'fhochonraitheoireacht má áirítear í sna tairiscintí agus má údaraítear í sna sonraíochtaí teicniúla;

Féadfaidh nósanna imeachta soláthair a bheith faoi réir ceanglais bhreise mar a leagtar amach iad sa ghlao ar ranníocaíochtaí.

II.9.3. **Dliteanas**

Is ar an tairbhí a bheidh an dliteanas iomlán i leith chur chun feidhme an chomhaontaithe seo agus forálacha an chomhaontaithe seo a chomhlíonadh. Luafaidh an tairbhí ina chonarthaí le tríú páirtithe nach féidir, in imthosca ar bith, Parlaimint na hEorpa a mheas mar pháirtí sna conarthaí sin ná a chur faoi dhliteanas ar shlí ar bith i leith na gconraitheoirí.

AIRTEAGAL II.10. — TACAÍOCHT AIRGEADAIS D'EINTITIS CHOMHLACHAITHE

Aon tacaíocht airgeadais a dheonaíonn an tairbhí d'eintitis chomhlachaithe de réir bhrí Airteagal 226(3) den Rialachán Airgeadais, féadfar, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mheas gurb ionann iad agus caiteachas inaisíoctha:

(a) tá an tacaíocht airgeadais á deonú ag an tairbhí do na heintitis chomhlachaithe seo a leanas:. [cuir isteach ainmneacha na dtairbhithe féideartha de réir mar a shonraítear san fhoirm iarratais];

(b) is cuid iad na heintitis sin d'eagraíocht riaracháin an tairbhí mar a leagtar amach i reachtanna an tairbhí sin;

(c) ní mó ná EUR 100 000 an tacaíocht airgeadais in aghaidh gach eintitis;

(d) úsáideann an t-eintiteas comhlachaithe é le haghaidh caiteachas inaisíoctha;

(e) maidir le haon chnapshuim a íoctar leis an eintiteas comhlachaithe, ní mó í ná an ceathrú cuid den tacaíocht airgeadais iomlán don eintiteas sin;

Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh ar chumas Pharlaimint na hEorpa, an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (an tÚdarás), Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus OIPE, i gcás inarb infheidhme, nó OLAF, a gcumhachtaí rialaithe faoi Chaibidil V de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445 a fheidhmiú.

AIRTEAGAL II.11. — FORCE MAJEURE

Más rud é go mbíonn Parlaimint na hEorpa nó an tairbhí i staid *force majeure*, cuirfidh siad an méid sin in iúl gan mhoill don pháirtí eile, le litir chláraithe lena ngabhann cruthúnas seachadta nó a choibhéis, á lua dóibh cineál na staide atá i gceist mar aon lena ré dhóchúil agus na héifeachtaí is dócha a bheidh aici.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tairbhí gach dícheall chun aon damáiste a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar staid *force majeure* a íoslaghdú.

Ní mheasfar Parlaimint na hEorpa ná an tairbhí a bheith ag sárú aon cheann dá gcuid oibleagáidí faoin gcomhaontú más rud é gur coinníodh í nó é ón oibleagáid sin a chomhall mar gheall ar *force majeure*.

AIRTEAGAL II.12. — ÍOCAÍOCHT AN CHISTITHE A FHIONRAÍ

II.12.1. **Forais don fhionraí**

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa íocaíocht an chistiúcháin a fhionraí, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoin Rialachán Airgeadais (go háirithe Airteagal 116(4), Airteagal 132, agus Airteagal 234(3) agus (5) de), lena n-áirítear sna himthosca seo a leanas:

(i) i gcás ina mbeidh amhras uirthi faoi neamhrialtachtaí, calaois nó sáruithe oibleagáidí a rinne an tairbhí le linn an nós imeachta dámhachtana nó le linn chur chun feidhme an chomhaontaithe, go dtí go mbeidh fíorú na n-amhras sin tugtha i gcrích;

(ii) i gcás ina mbeidh an tairbhí faoi réir smachtbhannaí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 32(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, atá thar téarma, go dtí go n-íocfar an nóta dochair nó an smachtbhanna airgeadais; nó

(iii) mura ndéanfaidh an tairbhí na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal II.29.1 go hAirteagal II. 29.3 den chomhaontú seo.

II.12.2. **Nós imeachta don fhionraí**

Céim 1 — Sula bhfionraítear an íocaíocht, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra foirmiúil don tairbhí á rá go bhfuil sé ar intinn aici an fionraí a dhéanamh agus luafaidh sí san fhógra sin na cúiseanna atá aici chun é sin a dhéanamh agus iarrfaidh sí ar an tairbhí barúlacha a chur faoina bráid laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaigheann an tairbhí an fógra sin.

Céim 2 — Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis don tréimhse chun barúlacha a chur isteach dul in éag, gan leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta don fhionraí, tabharfaidh sí fógra don tairbhí ina gcuirfear an cinneadh sin in iúl.

Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis dul in éag don tréimhse chun barúlacha a chur isteach, leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta don fhionraí, tabharfaidh sí fógra foirmiúil don tairbhí, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe maidir le fionraí, á chur in iúl dó:

(i) sa chás dá dtagraítear in Airteagal II.12.1, pointe (i), an dáta táscach ar a measfar go mbeidh an fíorú is gá tugtha chun críche, agus na méideanna atá ar fionraí; agus

(ii) aon leigheasanna dlíthiúla.

II.12.3. **Éifeachtaí na fionraí**

Beidh d'éifeacht le fionraí na híocaíochta nach mbeidh an tairbhí i dteideal aon íocaíocht a fháil ó Pharlaimint na hEorpa go dtí go mbeidh an fíorú dá dtagraítear faoi Airteagal II.12.2, pointe (i), faoi Chéim 2, tugtha chun críche nó nach mbeidh feidhm a thuilleadh leis an bhforas don fhionraí. Tá an méid sin gan dochar don cheart atá ag Parlaimint na hEorpa, faoi Airteagail II.13 agus II.14, an Cinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar nó a fhoirceannadh.

II.12.4. **Athchromadh ar íocaíocht**

A thúisce nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag an bhforas don fhionraí ar íocaíocht, athchromfar arís ar na híocaíochtaí uile lena mbaineann agus tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra ina leith sin don tairbhí.

AIRTEAGAL II.13. — TARRAINGT SIAR AN CHINNIDH CISTIÚCHÁIN AG PARLAIMINT NA HEORPA

II.13.1. **Forais don tarraingt siar**

I gcás ina nglacfaidh an tÚdarás cinneadh chun an tairbhí a bhaint den Chlár ar bhonn Airteagal 21(1), pointe (a)(iv) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa siar an cinneadh cistiúcháin maidir leis an tairbhí de bhun Airteagal 37 den Rialachán sin agus leis na hiarmhairtí a shonraítear ann.

II.13.2. **Nós imeachta don tarraingt siar**

Céim 1 —
Sula dtarraingeofar siar an cinneadh cistiúcháin maidir le tairbhí, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra foirmiúil don tairbhí á rá go bhfuil sé ar intinn aici an tarraingt siar a dhéanamh agus luafaidh sí san fhógra sin na cúiseanna atá aici chun é sin a dhéanamh agus iarrfaidh sí ar an tairbhí barúlacha a chur faoina bráid laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaigheann an tairbhí an fógra sin.

Céim 2 —
Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis dul in éag don tréimhse chun barúlacha a chur isteach, gan an Cinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar, tabharfaidh sí fógra don tairbhí ina gcuirfear an cinneadh sin in iúl.

Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis dul in éag don tréimhse chun barúlacha a chur isteach, an Cinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar, tabharfaidh sí fógra foirmiúil don tairbhí, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe maidir le tarraingt siar.

Céim 3 —
Tar éis cinneadh a ghlacadh i ndáil leis an gCinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, gan mhoill, fógra a thabhairt don tairbhí á chur in iúl dó go bhfuil an comhaontú ranníocaíochta foirceannta.

AIRTEAGAL II.14. — FOIRCHEANNADH AN CHINNIDH CISTIÚCHÁIN

II.14.1. **Foirceannadh arna iarraidh sin ag an tairbhí**

Féadfaidh an tairbhí foirceannadh an Chinnidh Cistiúcháin a iarraidh.

Tabharfaidh an tairbhí fógra foirmiúil do Pharlaimint na hEorpa i dtaobh an fhoirceanta, á lua dó:

(a) na cúiseanna atá leis an bhfoirceannadh; agus

(b) an dáta ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh, ar dáta é nach mbeidh níos túisce ná an dáta a rinneadh an fógra foirmiúil a sheoladh.

Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh an Chinnidh Cistiúcháin ar an lá a shonraítear sa chinneadh i ndáil le foirceannadh nó, mura mbeidh aon lá sonraithe ansin, ar an lá a fhógraítear é don tairbhí. Tar éis fhoirceannadh an Chinnidh Cistiúcháin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, gan mhoill, an comhaontú ranníocaíochta a fhoirceannadh le héifeacht an lá céanna.

II.14.2. **Foirceannadh ag Parlaimint na hEorpa**

II.14.2.A *Forais don fhoirceannadh*

Foirceannfaidh Parlaimint na hEorpa an Cinneadh Cistiúcháin le héifeacht thodhchaíoch agus, dá thoradh sin, foirceannfaidh sí an Comhaontú seo, i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil foras ann le foirceannadh faoi Airteagal 36(1), pointe (a) nó (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(b) mura ndéanfaidh an tairbhí Airteagal 23(2), an dara habairt, de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chomhlíonadh a thuilleadh;

(c) i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoin Rialachán Airgeadais, go háirithe Airteagal 132 de;

(d) má dhearbhaítear an tairbhí a bheith féimheach, má tá sé á fhoirceannadh nó má tá sé faoi réir aon imeachtaí comhchosúla eile.

II.14.2.B *Nós imeachta don fhoirceannadh*

Céim 1 — Sula bhfoirceannfar an Cinneadh Cistiúcháin, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra foirmiúil don tairbhí á rá go bhfuil sé ar intinn aici an foirceannadh a dhéanamh agus luafaidh sí san fhógra sin na cúiseanna atá aici chun é sin a dhéanamh agus iarrfaidh sí ar an tairbhí barúlacha a chur faoina bráid laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaigheann an tairbhí an fógra sin.

Céim 2 — Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis dul in éag don tréimhse chun barúlacha a chur isteach, gan an Cinneadh Cistiúcháin a fhoirceannadh, tabharfaidh sí fógra don tairbhí ina gcuirfear an cinneadh sin in iúl.

Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis dul in éag don tréimhse chun barúlacha a chur isteach, an Cinneadh Cistiúcháin a fhoirceannadh, tabharfaidh sí fógra foirmiúil don tairbhí, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe maidir le foirceannadh, á chur sin in iúl dó.

Céim 3 — Tar éis cinneadh a ghlacadh i ndáil leis an gCinneadh Cistiúcháin a fhoirceannadh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, gan mhoill, fógra a thabhairt don tairbhí á chur in iúl dó go bhfuil an comhaontú ranníocaíochta foirceannta.

AIRTEAGAL II.15. — SANNADH

Ní fhéadfaidh an tairbhí aon cheann dá chuid éileamh ar íocaíocht in aghaidh Pharlaimint na hEorpa a shannadh chuig aon tríú páirtí, ach amháin sa chás go mbeidh sé sin formheasta roimh ré ag Parlaimint na hEorpa ar bhonn iarraidh réasúnaithe i scríbhinn ón tairbhí.

Mura nglacann Parlaimint na hEorpa i scríbhinn leis an sannadh nó más rud é nach gcomhlíontar na téarmaí a ghabhann leis an nglacadh sin, ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag an sannadh.

Ní fhéadfaidh sannadh, in imthosca ar bith, an tairbhí a scaoileadh óna oibleagáidí i leith Pharlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL II.16. — ÚS AR ÍOCAÍOCHT DHÉANACH

Mura n-íocfaidh Parlaimint na hEorpa laistigh de na teorainneacha ama chun íocaíochta, beidh an tairbhí i dteideal ús ar íocaíocht dhéanach ag an ráta a bheidh i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach dá phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin in euro ('an ráta tagartha'), móide trí phointe go leith. Is é an ráta tagartha ná an ráta atá i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí ina dtéann an teorainn ama le haghaidh íocaíochta in éag, de réir mar a fhoilsítear i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhionraíonn Parlaimint na hEorpa na híocaíochtaí amhail dá bhforáiltear in Airteagal II.12, ní fhéadfar na gníomhaíochtaí sin a mheas mar chásanna d'íocaíocht dhéanach.

Cumhdaítear le hús ar íocaíocht dhéanach an tréimhse ón lá i ndiaidh an dáta dlite d'íocaíocht suas go dtí agus ag áireamh dáta na híocaíochta iarbhír.

Mar eisceacht ar an gcéad fhomhír, má bhíonn an t-ús ríofa níos lú ná nó cothrom le EUR 200, ní bheidh ar Pharlaimint na hEorpa é a íoc leis an tairbhí ach amháin sa chás go n-iarrann an tairbhí é laistigh de 2 mhí ón íocaíocht dhéanach a fháil.

AIRTEAGAL II.17. — AN DLÍ IS INFHEIDHME

Tá an comhaontú seo á rialú le dlí infheidhme an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus na rialacha infheidhme de chuid an Rialacháin Airgeadais. Tá siad comhlánaithe le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a shuíochán ag an tairbhí.

AIRTEAGAL II.18. — AN CEART CHUN ÉISTEACHTA

Sna cásanna, faoin gcomhaontú seo, go bhfuil an tairbhí i dteideal barúlacha a chur isteach, tabharfar tréimhse 10 lá oibre, ach amháin sa chás go bhforáiltear go sainráite dá mhalairt, don tairbhí chun barúlacha i scríbhinn a chur isteach. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ón tairbhí, féadfar fadú 10 lá oibre eile a chur aon uair amháin leis an tréimhse sin.

CUID B: *FORÁLACHA AIRGEADAIS*

AIRTEAGAL II.19. — CAITEACHAS INAISÍOCTHA

II.19.1. **Coinníollacha**

Chun iad a mheas le bheith cáilithe chun aisíocaíochta ó chistiúchán an Aontais, leis an gcaiteachas na critéir charnacha seo a leanas:

(a) a bheith bainteach go díreach le hábhar an chomhaontaithe agus foráil a bheith déanta dóibh sa bhuiséad measta a bheidh i gceangal leis an gcomhaontú;

(b) gá a bheith leo chun an comhaontú a chur chun feidhme;

(c) a bheith réasúnach agus bonn cirt leo, agus go gcomhlíonann siad prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe maidir le barainneacht agus éifeachtúlacht;

(d) a bheith ginte i rith thréimhse na hincháilitheachta de réir mar a shainmhínítear in Airteagal I.2, cé is moite de chostais a bhaineann le tuarascálacha bliantúla agus le deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus ar na cuntais fholuiteacha;

(e) iad a bheith tabhaithe go hiarbhír ag an tairbhí;

(f) iad a bheith inaitheanta agus infhíoraithe, agus taifeadta i gcuntais an tairbhí, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme ina leith;

(g) iad a bheith ag comhlíonadh cheanglais na ndlíthe cánach agus slándála sóisialta is infheidhme;

(h) Airteagal II.9.1 a chomhlíonadh;

(i) na ceanglais nós imeachta a leagtar síos in Airteagal II.9.2 a chomhlíonadh, má eascraíonn na costais ábhartha as conarthaí soláthair ar mó a luach ná EUR 60 000 (gan CBL a áireamh);

(j) na ceanglais a leagtar síos i dTeideal XI den Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 nó sa ghlao ar ranníocaíochtaí a chomhlíonadh.

Beidh nósanna imeachta cuntasaíochta agus iniúchta inmheánaigh an tairbhí amhlaidh agus go mbeidh sé indéanta na costais agus an t-ioncam a bheidh dearbhaithe sa tuarascáil bhliantúil a imréiteach go díreach leis na ráitis airgeadais agus leis na doiciméid tacaíochta a chomhfhreagraíonn dóibh. Féadfar go n-aicmeofar an caiteachas mar chaiteachas neamh-inaisíoctha mar thoradh ar easpa réiteach cuí.

II.19.2. **Samplaí de chaiteachas in-aisíoctha**

Go háirithe, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach in Article II.19.1, measfar na costais oibriúcháin seo a leanas a bheith inaisíoctha:

(a) caiteachas atá nasctha le cúnamh teicniúil, cruinnithe, taighde, imeachtaí trasteorann, staidéir, faisnéis agus foilseacháin;

(b) costais phearsanra, atá comhdhéanta de thuarastail iarbhír, ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus costais reachtacha eile atá ar áireamh sa luach saothair, ar choinníoll nach mó iad ná na meánrátaí faoi ghnáthbheartas an tairbhí i leith luach saothair;

(c) speansais taistil agus chothaithe don fhoireann, ar choinníoll go mbeidh siad comhsheasmhach le gnáthchleachtais an tairbhí maidir le costais taistil;

(d) costais dímheasa trealaimh nó sócmhainní eile (nua nó athláimhe) de réir mar atá taifeadta i ráitis chuntasaíochta an tairbhí, ar choinníoll go bhfuil an tsócmhainn

(i) dímheasta i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta agus cleachtais chuntasaíochta áitiúla a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach le himeacht ama; agus

(ii) gur ceannaíodh í i gcomhréir le hAirteagal II.9.1 agus le hAirteagal II.9.2;

(e) na costais ráthaíochtaí airgeadais, a bhaineann leis an réamh-mhaoiniú a íocann Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL II.20. — CAITEACHAS NEAMH-INAISÍOCTHA

Gan dochar d'Airteagal II.19.1 den chomhaontú seo, measfar an caiteachas seo a leanas a bheith neamh-inaisíoctha:

(a) toradh ar chaipiteal agus díbhinní atá íoctha ag an tairbhí;

(b) fiacha agus muirir seirbhíse féich;

(c) forálacha le haghaidh caillteanas nó fiach;

(d) ús atá dlite, seachas ús diúltach don chuntas ina bhfaightear réamh-mhaoiniú ó Pharlaimint na hEorpa, ar choinníoll nárbh fhéidir an t-ús diúltach sin a sheachaint;

(e) fiacha amhrasacha;

(f) caillteanais mhalairte;

(g) costais a ghabhann le haistrithe ó Pharlaimint na hEorpa arna ngearradh ag banc an tairbhí;

(h) caiteachais arna ndearbhú ag an tairbhí faoi ghníomhaíocht eile a fhaigheann deontas atá maoinithe as buiséad an Aontais;

(i) sochair neamhairgid;

(j) caiteachas iomarcach nó meargánta;

(k) CBL in-asbhainte;

(l) cistiú toirmiscthe ó thríú páirtithe áirithe de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus Airteagal 226(3) den Rialachán Airgeadais;

(m) caiteachas a bhaineann le díospóidí dlíthiúla le Parlaimint na hEorpa nó leis an Údarás;

(n) méid na smachtbhannaí airgeadais a fhorchuireann an tÚdarás nó aon údarás náisiúnta agus ús ar íocaíochtaí déanacha is iníoctha mar thoradh air sin;

(o) caiteachas a bhfuil fianaise thacaíochta leordhóthanach in easnamh, amhail doiciméid tairisceana, conarthaí, sonraisc, táirgí insoláthartha.

AIRTEAGAL II.21. — SOCHAIR NEAMHAIRGID

Ní mó luach na sochar neamhairgid ná an méid seo a leanas:

(a) na costais a chomhfhreagraíonn do shochair neamhairgid, a íocann na tríú páirtithe nó na comhaltaí a dheonaíonn na sochair sin, agus doiciméid chuntasaíochta ag tacú leo go cuí;

(b) in éagmais doiciméid den chineál sin, na costais a chomhfhreagraíonn do na costais a nglactar leo i gcoitinne ar an margadh atá i gceist;

(c) a luach de réir mar atá glactha leo sa bhuiséad measta a leagtar amach san Iarscríbhinn;

(d) 50 % de na hacmhainní dílse de réir mar atá glactha leo sa bhuiséad measta.

Sochair neamhairgid;

(a) tabharfar cuntas ar leithligh iontu, in ioncam agus i gcaiteachas araon;

(b) comhlíonfaidh siad Airteagal 25 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, chomh maith leis na rialacha náisiúnta cánach agus slándála sóisialta;

(c) is ar bhonn sealadach amháin a ghlacfar leo, faoi réir ag deimhniú ag iniúchóir seachtrach agus faoi réir glacadh leo sa chinneadh i dtaobh mhéid deiridh an chistithe;

(d) ní bheidh siad i bhfoirm maoin dhochorraithe.

AIRTEAGAL II.22. — AISTRITHE BUISÉID

Lamhálfar don tairbhí an buiséad measta a leagtar amach san Iarscríbhinn a choigeartú trí bhíthin aistrithe idir na catagóirí éagsúla den bhuiséad gan dochar d'Airteagal II.21. Ní cheanglófar leasú ar an gcomhaontú leis an gcoigeartú seo. Tabharfar bonn cirt sa tuarascáil bhliantúil d'aistrithe den sórt sin.

AIRTEAGAL II.23. — OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE

II.23.1. **Tuarascáil bhliantúil**

De rogha faoin 15 Bealtaine, agus ar a dhéanaí faoin 30 Meitheamh, i ndiaidh dheireadh bhliain airgeadais N, cuirfidh an tairbhí tuarascáil bhliantúil i bhformáid oscailte, meaisín-inléite, faoi bhráid an oifigigh údarúcháin trí tharmligean, ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) ráitis airgeadais bhliantúla agus na nótaí a ghabhann leo, a chlúdaíonn ioncam agus costais an tairbhí, sócmhainní agus dliteanais ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil suíochán an tairbhí;

(b) tuarascáil iniúchóireachta seachtraí ar na ráitis airgeadais bhliantúla, lena gcumhdaítear iontaofacht na ráiteas airgeadais agus dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus an chaiteachais, arna déanamh ag comhlacht nó saineolaí neamhspleách;

(c) liosta na ndeontóirí agus na ranníocóirí agus a ndeonuithe nó a ranníocaíochtaí comhfhreagracha agus a n-acmhainní féinghinte arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(d) tuarascáil ar ghníomhaíochtaí;

(e) ráiteas airgeadais den chaiteachas agus den ioncam iarbhír bunaithe ar struchtúr an bhuiséid mheasta;

(f) mionsonraí na gcuntas maidir le hioncam, costais, sócmhainní agus dliteanais;

(g) imréiteach idir an ráiteas airgeadais dá dtagraítear i bpointe (e) agus mionsonraí na gcuntas dá dtagraítear i bpointe (f);

(h) liosta de na soláthróirí a ghearr os cionn EUR 10 000 ar an tairbhí i mbliain airgeadais N nó dá bhfuil an luach carnach le 5 bliana anuas cothrom le EUR 60 000 (gan CBL a áireamh) nó níos mó ná sin, lena sonraítear ainm agus seoladh an tsoláthróra chomh maith leis an gcur síos ar na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear;

An fhaisnéis a bheidh ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil, beidh sí leordhóthanach ionas gur féidir méid deiridh an chistithe a shuíomh.

II.23.2. **Tuarascáil iniúchóireachta seachtraí**

Comhoibreoidh an tairbhí leis na comhlachtaí nó na saineolaithe seachtracha neamhspleácha, dá mbeidh sainordú tugtha de bhun Airteagal 28(3) de Rialacháin (AE, Euratom) 2025/2445, agus an tuarascáil iniúchóireachta seachtraí á hullmhú agus á cur isteach a shonraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Chuige sin, soláthróidh an tairbhí aon fhaisnéis nó doiciméad a iarrfaidh an t-iniúchóir seachtrach de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, lena n-áirítear i gcúrsa seiceálacha ar an láthair, a dhéantar faoi na coinníollacha céanna agus in Airteagal II.29.3 den chomhaontú seo.

Is é an cuspóir atá leis an iniúchadh seachtrach ná iontaofacht na ráiteas airgeadais agus dlíthiúlacht agus rialtacht a n-ioncaim agus a gcaiteachais a dheimhniú, agus go háirithe i dtaca leis an méid seo:

(a) gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i leith an tairbhí agus go bhfuil siad saor ón aon mhíráiteas ábharach agus go dtugann siad léargas fíorcheart ar an staid airgeadais agus ar na torthaí oibríochta;

(b) go ndearnadh an caiteachas a dearbhaíodh a thabhú go hiarbhír;

(c) go bhfuil an ráiteas ioncaim uileghabhálach;

(d) go bhfuil na doiciméid airgeadais atá curtha ag an tairbhí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag luí le forálacha airgeadais an chomhaontaithe;

(e) gur comhlíonadh na hoibleagáidí a eascraíonn as Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, go háirithe as Airteagal 25 de;

(f) gur comhlíonadh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú, go háirithe as Airteagal II.9 agus Airteagal II.19 de;

(g) soláthraíodh sochair neamhairgid go hiarbhír don tairbhí agus gur cuireadh luach orthu i gcomhlíonadh na rialacha b'infheidhme;

(h) go ndearnadh aon chuid de chistiúchán an Aontais i gcás bhliain airgeadais N nár úsáideadh a thabhairt anonn go dtí an chéad bhliain airgeadais eile i gcomhréir le hAirteagal 232(2) den Rialachán Airgeadais nó a aisíoc le Parlaimint na hEorpa;

(i) úsáideadh an chuid neamhúsáidte de chistiú an Aontais de bhliain airgeadais N-1, i mbliain airgeadais N i gcomhréir le hAirteagal 232(4) den Rialachán Airgeadais;

(j) go ndearnadh aon bharrachas d'acmhainní dílse a aistriú go dtí an cúlchiste.

AIRTEAGAL II.24. — CINNEADH AR AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Faoin 31 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh bhliain airgeadais N, déanfaidh Parlaimint na hEorpa an tuarascáil bhliantúil a fhormheas nó diúltú di, mar a shonraítear in Airteagal II.23.1.

Más rud é nach bhfreagraíonn Parlaimint na hEorpa i scríbhinn laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis an tuarascáil bhliantúil a fháil, measfar go bhfuil an tuarascáil bhliantúil formheasta.

Tá formheas na tuarascála bliantúla gan dochar do mhéid deiridh an chistithe a shuíomh faoi Airteagal II.25, ar trína bhíthin sin a dhéanann Parlaimint na hEorpa an cinneadh deiridh i dtaobh aisíocaíocht an chaiteachais.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa faisnéis bhreise a iarraidh ar an tairbhí chun go mbeadh sí i riocht cinneadh a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil. Sa chás go ndéantar iarraidh den sórt sin, déanfar an sprioc-am don chinneadh ar an tuarascáil bhliantúil a fhadú go dtí go mbeidh an fhaisnéis a iarradh faighte agus measta ag Parlaimint na hEorpa. Féadfar an sprioc-am a fhadú freisin nuair a bhíonn faisnéis bhreise iarrtha ag an Údarás de bhun Airteagal 29(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Má tá easnaimh shuntasacha sa tuarascáil bhliantúil, nó má chinneann an t-iniúchóir seachtrach nach féidir leo tuairim iniúchóireachta a fhoirmiú toisc easpa fianaise iniúchóireachta, féadfaidh Parlaimint na hEorpa í a dhiúltú gan aon fhaisnéis bhreise a iarraidh ar an tairbhí agus féadfaidh sí a iarraidh go ndéanfadh an tairbhí tuarascáil nua a thíolacadh laistigh de thréimhse 15 lá oibre.

Maidir le hiarrataí ar fhaisnéis bhreise nó ar thuarascáil nua, déanfar iad sin a chur in iúl i bhfógra i scríbhinn don tairbhí.

Más rud é go ndiúltaítear do thuarascáil bhliantúil a bhí tíolactha agus go n-iarrtar tuarascáil nua, beidh feidhm ag an nós imeachta formheasta a leagtar amach san Airteagal seo maidir leis an tuarascáil nua.

AIRTEAGAL II.25. — CINNEADH MAIDIR LE MÉID DEIRIDH AN CHISTITHE

II.25.1. **Tionchar na tuarascála bliantúla**

Beidh cinneadh Pharlaimint na hEorpa lena mbunaítear méid deiridh an chistithe bunaithe ar an tuarascáil bhliantúil a bheidh formheasta i gcomhréir le hAirteagal II.24. Sa chás go ndiúltóidh Parlaimint na hEorpa don tuarascáil bhliantúil go cinntitheach nó nach gcuirfidh an tairbhí aon tuarascáil bhliantúil isteach laistigh de na sprioc-amanna is infheidhme, ní fhéadfar aon chaiteachas in-aisíoctha a leagan síos sa chinneadh maidir le méid deiridh an chistithe.

II.25.2. **Tairseach**

Beidh méid deiridh an chistithe teorannaithe don mhéid a leagtar síos in Airteagal I.4 agus ní bheidh sé níos mó ná 95 % den chaiteachas inaisíoctha a tabhaíodh go hiarbhír.

II.25.3. **Tabhairt ar aghaidh an chistithe nár caitheadh**

Aon chuid den ranníocaíocht nach gcaitear taobh istigh de bhliain airgeadais N dár dámhadh í, tabharfar ar aghaidh í go dtí bliain airgeadais N+1 agus caithfear í ar aon chaiteachas inaisíoctha arna thabhú faoin 31 Nollaig de bhliain N+1. Ní dhéanfar na méideanna atá fágtha de ranníocaíochtaí na bliana roimhe sin a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar an gcuid den chaiteachas nach mór do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a sholáthar óna n-acmhainní dílse.

Laistigh de 20 lá tar éis dheireadh bhliain airgeadais N, cuirfidh an tairbhí oifigeach údarúcháin trí tharmligean Pharlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le méid measta an chistithe a tugadh anonn go dtí bliain airgeadais N+1.

I dtús báire, úsáidfidh an tairbhí an chuid den ranníocaíocht nár úsáideadh laistigh den bhliain airgeadais dár dámhadh í, agus is ina dhiaidh sin amháin a úsáidfidh sé ranníocaíocht ar bith arna dámhachtain tar éis na bliana sin.

II.25.4. **Cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe**

Déanann Parlaimint na hEorpa rialú go bliantúil ag féachaint an bhfuil an caiteachas ag comhlíonadh fhorálacha Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, an Rialacháin Airgeadais agus an chomhaontaithe seo. Gach bliain, glacfaidh sí cinneadh i dtaobh mhéid deiridh an chistithe, agus déanfaidh sí é sin a chur in iúl go cuí i bhfógra don tairbhí.

Más rud é gur caitheadh méid an chistithe a shainmhínítear in Airteagal I.4 le linn bhliain airgeadais N, déanfar méid deiridh an chistithe a shuíomh tar éis dhúnadh na bliana airgeadais sin.

I gcás ina ndéantar cistiú nár caitheadh a thabhairt ar aghaidh go dtí bliain airgeadais N+1 i gcomhréir le hAirteagal II.25.3, déanfar méid deiridh chistiú bhliain N a shuíomh mar seo a leanas:

Céim 1 — I mbliain N+1, déanfaidh Parlaimint na hEorpa cinneadh maidir le costais inaisíoctha bhliain airgeadais N agus an chéad chuid de mhéid deiridh chistiú bhliain N, a chomhfhreagraíonn do na costais sin. Ina theannta sin, suífidh Parlaimint na hEorpa méid an chistithe nár caitheadh arna dhámhachtain do bhliain airgeadais N a bheidh le tabhairt ar aghaidh go dtí bliain airgeadais N+1;

Céim 2 — I mbliain N+2, déanfaidh Parlaimint na hEorpa cinneadh maidir le costais inaisíoctha bhliain airgeadais N+1, agus cinnfidh sí na costais díobh siúd a chumhdófar leis an gcistiú nár caitheadh a thabharfar ar aghaidh go dtí bliain airgeadais N+1 (an dara cuid de mhéid deiridh an chistithe).

Is í suim na méideanna arna suíomh i gcéimeanna 1 agus 2 a bheidh i méid deiridh an chistithe do bhliain airgeadais N.

Beidh an amlíne dá bhforáiltear i gCéim 1 agus i gCéim 2 thuas bailí a mhéid nach bhfuil aon chinneadh ann faoi Airteagal 8(3) den Chinneadh ón mBiúró.

Tráth a dhéantar méid deiridh an chistithe a shuíomh, déanfar imréiteach ar an réamh-mhaoiniú. I gcás tabhairt ar aghaidh, tarlaíonn imréiteach páirteach ar an réamh-mhaoiniú tráth a tharlóidh gach ceann de na céimeanna thuasluaite.

II.25.5. **An cistiú nár caitheadh a ghnóthú**

Aon chuid den ranníocaíocht arna dámhachtain do bhliain N nach gcaitear go dtí deireadh bhliain N+1, déanfar í a ghnóthú i gcomhréir le Caibidil 6 de Theideal IV den Rialachán Airgeadais.

II.25.6. **Iarmhéid an chistithe**

Más rud é gur mó an réamh-mhaoiniú a bheidh íoctha ná méid deiridh an chistithe, déanfaidh Parlaimint na hEorpa an réamh-mhaoiniú a íocadh go míchuí a ghnóthú.

Más rud é gur mó méid deiridh an chistithe ná an réamh-mhaoiniú a bheidh íoctha, íocfaidh Parlaimint na hEorpa an t-iarmhéid.

II.25.7. **Barrachas acmhainní dílse**

(a) *Forbairt cúlchiste speisialta*

Ní mór don tairbhí cúlchiste speisialta a fhorbairt as barrachas na n-acmhainní dílse.

An barrachas acmhainní dílse atá le haistriú go dtí an cuntas cúlchiste speisialta, is é a bheidh ann ná an méid de na hacmhainní dílse atá níos mó ná suim na n-acmhainní dílse atá riachtanach chun 5 % den chaiteachas inaisíoctha a tabhaíodh go hiarbhír i mbliain airgeadais N a chlúdach. Ní mór go mbeadh an caiteachas neamh-inaisíoctha do bhliain airgeadais N clúdaithe roimhe sin ag an tairbhí trína acmhainní dílse amháin.

I gcás acmhainní féinghinte, más mó an tairbhí ná an tairseach a shonraítear faoi Airteagal 25(13) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, ní dhearbhófar méid an ioncaim is mó ná an tairseach in ioncam ach asbhainfear é ó iomlán an chaiteachais inaisíoctha.

Is chun costais oibríochtúla an tairbhí a chlúdach, agus chuige sin amháin, a úsáidfear an cúlchiste.

(b) *Brabús*

Sainmhínítear brabús mar bharrachas ioncaim le hais caiteachais.

Áirítear ar ioncam cistiú ó bhuiséad an Aontais agus acmhainní dílse an tairbhí.

Ní dhéanfar ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a mheas mar chuid d'acmhainní dílse an tairbhí. Thairis sin, ní bhfaighidh an tairbhí cistiú eile ó bhuiséad ginearálta an Aontais go díreach ná go hindíreach. Go háirithe, déanfar deonacháin ó bhuiséid grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa a thoirmeasc.

Ní dhéanfar an barrachas arna leithdháileadh chuig an gcúlchiste speisialta a chur san áireamh le haghaidh ríomh an bhrabúis.

(c) *Gnóthú*

Ní fhéadfaidh brabús don tairbhí a bheith mar thoradh ar an gcistiú. Beidh Parlaimint na hEorpa i dteideal an céatadán den bhrabús a ghnóthú a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais i leith na gcostas inaisíoctha.

AIRTEAGAL II.26. — ÚS AR RÉAMH-MHAOINIÚ

Tabharfaidh an tairbhí fógra don oifigeach údarúcháin trí tharmligean maidir le méid an úis nó na sócmhainní comhchosúla a eascróidh le linn bhliain airgeadais N as na cistí a bheidh faighte aige ó Pharlaimint na hEorpa.

Gnóthóidh Parlaimint na hEorpa an t-ús a eascróidh as na cistí faoi seach, agus méid deiridh an chistithe á shuíomh aici. Ní áireofar an t-ús sna hacmhainní dílse.

AIRTEAGAL II.27. — GNÓTHÚ

Má bhíonn méideanna íoctha go míchuí leis an tairbhí nó má bhíonn bonn cirt le nós imeachta um ghnóthú faoi théarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe, faoi Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 nó faoin Rialachán Airgeadais, déanfaidh an tairbhí na méideanna i dtrácht a aisíoc le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha agus faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa.

II.27.1. **Ús ar íocaíocht dhéanach**

Má mhainníonn an tairbhí an aisíocaíocht a dhéanamh faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa, déanfaidh Parlaimint na hEorpa ús ar íocaíocht dhéanach a chur chun muirir ar na suimeanna ag an ráta a leagtar síos in Airteagal II.16. Cumhdóidh an t-ús ar íocaíocht dhéanach an tréimhse idir dul in éag an sprioc-ama a bheidh leagtha síos don aisíocaíocht agus an dáta a bhfaighidh Parlaimint na hEorpa aisíocaíocht iomlán ar na suimeanna atá dlite, leis an dá dháta sin san áireamh.

Déanfar aon aisíocaíocht pháirteach a iontráil ar dtús in aghaidh muirear agus úis ar íocaíocht dhéanach agus is ina dhiaidh sin amháin a dhéanfar í a iontráil in aghaidh an bhunairgid.

II.27.2. **Fritháireamh**

Gan dochar do mhodhanna eile gnóthaithe dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais, mura mbeidh aon aisíocaíocht déanta faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos, féadfaidh Parlaimint na hEorpa na suimeanna atá dlite a ghnóthú trína bhfritháireamh in aghaidh aon suimeanna atá dlite don tairbhí nó in aghaidh aon chuntais eile, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. In imthosca eisceachtúla, arb é an gá le leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú is bonn cirt dóibh, féadfaidh Parlaimint na hEorpa gnóthú a dhéanamh roimh an dáta a bhfuil an íocaíocht dlite. Ní theastóidh toiliú roimh ré ón tairbhí chuige sin.

II.27.3. **Muirir bhainc**

Muirir bhainc arb é gnóthú na suimeanna atá dlite do Pharlaimint na hEorpa is cúis leo is é an tairbhí, agus eisean amháin, a sheasfaidh iad.

AIRTEAGAL II.28. — RÁTHAÍOCHT AIRGEADAIS

Má iarrann Parlaimint na hEorpa ráthaíocht airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 231 den Rialachán Airgeadais, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) is banc nó institiúid airgeadais formheasta nó, má iarrann an tairbhí amhlaidh agus go nglacann Parlaimint na hEorpa leis, tríú páirtí a chaithfidh an ráthaíocht airgeadais a thabhairt;

(b) ní mór don ráthóir fónamh mar ráthóir céadéilimh agus ní chuirfidh sé de cheangal ar Pharlaimint na hEorpa éileamh a chur isteach ar dtús in aghaidh an phríomhfhéichiúnaí (i.e. an tairbhí i dtrácht); agus

(c) caithfidh an ráthaíocht airgeadais fanacht i bhfeidhm go sainráite go dtí go mbeidh an réamh-mhaoiniú imréitithe in aghaidh íocaíochtaí eatramhacha nó íoc an iarmhéid ag Parlaimint na hEorpa; más mar ghnóthú a tharlaíonn íoc an iarmhéid, caithfidh an ráthaíocht airgeadais fanacht i bhfeidhm go dtí go meastar an fiach a bheith imréitithe go hiomlán; agus caithfidh Parlaimint na hEorpa an ráthóir a scaoileadh ón gceangal laistigh den mhí dár gcionn.

AIRTEAGAL II.29. — RIALÚ

II.29.1. **Forálacha ginearálta**

Faoi réim a n-inniúlachta agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, agus Airteagal 129, Airteagal 234(1) agus Airteagal 235(1) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás, OLAF, OIPE i leith na mBallstáit sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939 ([6]) ón gComhairle agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, tráth ar bith, a gcumhachtaí rialaithe faoi seach a fheidhmiú chun a fhíorú an bhfuil na hoibleagáidí a leagtar síos sa chomhaontú, i Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus sa Rialachán Airgeadais á gcomhlíonadh go hiomlán ag an tairbhí.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí leis na húdaráis inniúla agus déanfaidh sé an cúnamh uile is gá le haghaidh sheoladh a rialaithe a thabhairt dóibh.

Áiritheoidh an tairbhí go ndeonóidh aon tríú páirtithe, lena n-áirítear conraitheoirí agus fochonraitheoirí, atá bainteach le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a chistítear faoin gcomhaontú seo, cearta coibhéiseacha leis na cearta a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal II.29.1 dá bhforáiltear in Airteagal 129(2) den Rialachán Airgeadais.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás cúram an rialaithe a tharmligean chuig comhlachtaí seachtracha arna n-údarú go cuí chun gníomhú thar a gceann ('na comhlachtaí údaraithe'). Beidh feidhm ag an dualgas comhair i leith na gcomhlachtaí údaraithe sin i bhfeidhmiú na gcúraimí rialaithe arna dtarmligean chucu.

II.29.2. **An oibleagáid doiciméid agus/nó faisnéis a sholáthar**

Déanfaidh an tairbhí aon doiciméad agus/nó faisnéis, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach, a sholáthar nuair a iarrfaidh Parlaimint na hEorpa, an tÚdarás nó an comhlacht údaraithe ('an t-údarás inniúil') an méid sin.

Aon doiciméad nó fáisnéis a sholáthraíonn an tairbhí, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal II.6.

II.29.3. **Seiceálacha ar an láthair ag an údarás inniúil**

Féadfaidh an t-údarás inniúil seiceálacha ar an láthair a dhéanamh in áitreabh an tairbhí. Chuige sin, féadfaidh sé a iarraidh i scríbhinn go ndéanfadh an tairbhí socruithe iomchuí don tseiceáil sin laistigh de sprioc-am iomchuí atá le socrú ag an údarás inniúil.

([6]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

I rith na seiceála ar an láthair, lamhálfaidh an tairbhí don údarás inniúil rochtain a fháil ar na láithreacha agus ar an áitreabh ina bhfuil an oibríocht á déanamh nó ina raibh sí á déanamh, chomh maith le rochtain a thabhairt dó ar an bhfaisnéis uile is gá, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach.

Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh an fhaisnéis ar fáil go héasca tráth déanta na seiceála ar an láthair agus go dtabharfar an fhaisnéis sin ar lámh i bhfoirm iomchuí.

II.29.4. **Nós imeachta rialaithe contrártha ag Parlaimint na hEorpa**

Ar bhonn na bhfionnachtana a dhéantar i rith an nós imeachta rialaithe, déanfaidh Parlaimint na hEorpa tuarascáil réamhchonclúidí a tharraingt suas a sheolfar chuig an tairbhí. Féadfaidh an tairbhí barúlacha a chur isteach laistigh de 30 lá féilire ó dháta fála na tuarascála iniúchóireachta sealadaí.

Ar bhonn na bhfionnachtana sa tuarascáil réamhchonclúidí agus bhreathnuithe féideartha an tairbhí, leagfaidh Parlaimint na hEorpa a conclúidí críochnaitheacha síos. D'éagmais barúlacha laistigh den sprioc-am sin, nó má ghlacann an tairbhí leis na réamhfhionnachtana, measfar na fionnachtana sin a bheith críochnaitheach.

II.29.5. **Éifeachtaí conclúidí agus fionnachtana rialaithe**

Gan dochar do cheart na Parlaiminte bearta a dhéanamh faoi Airteagal II.12 go hAirteagal II.14, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa aird ar na conclúidí deiridh i gcomhthéacs mhéid deiridh an chistithe a shuíomh.

Aon chás de chalaois féideartha nó aon sárú tromchúiseach ar na rialacha is infheidhme a thagann chun solais sna conclúidí deiridh, déanfar iad a chur in iúl don údarás inniúil náisiúnta nó d'údarás inniúil an Aontais le haghaidh gníomh iardain a dhéanamh dá ndroim.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa an cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe a choigeartú ar bhonn na rialuithe ex-post arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 74(6) den Rialachán Airgeadais.

II.29.6. **Cearta rialaithe ag OLAF**

Feidhmeoidh OLAF a chearta rialaithe i leith an tairbhí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, agus go háirithe i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([7]) ón gComhairle, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), Airteagal 129 agus Airteagal 235(1) den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 29(4) agus Airteagal 30(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí le OLAF agus déanfaidh sé an cúnamh uile is gá le haghaidh sheoladh an rialaithe a thabhairt do OLAF.

II.29.7. **Cearta rialaithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

Feidhmeoidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a ceart rialaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, agus go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 129 agus le hAirteagal 235(1) den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 30(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Beidh feidhm ag Airteagail II 29.2 agus II.29.3.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí leis an gCúirt Iniúchóirí agus tabharfaidh sé an cúnamh uile is gá don Chúirt sin le linn dó an rialú a sheoladh.

([7]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

([8]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

II.29.8. **Cearta rialaithe ag OIPE**

Feidhmeoidh OIPE a chearta rialaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 agus leis na rialacha is infheidhme den Rialachán Airgeadais.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí le OIPE agus tabharfaidh sé an cúnamh uile is gá dó le linn dó an rialú a sheoladh.

II.29.9. **Breithniú ar thorthaí rialaithe agus méid deiridh an chistithe á chinneadh**

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, tráth ar bith, na fionnachtana mar thoradh ar na rialuithe a dhéanann na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal II.29.1 a chur i gcuntas chun méid deiridh an chistithe a bhunú nó a mhodhnú fad a urramófar ceart an tairbhí chun éisteacht a fháil faoi Airteagal II.18 den chomhaontú seo.

II.29.10. **Mainneachtain na hoibleagáidí faoi Airteagal II.29.1 go hAirteagal II a chomhall. 29.3**

Mura ndéanfaidh an tairbhí na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal II.29.1 go hAirteagal II.29.3, féadfaidh Parlaimint na hEorpa a mheas go bhfuil aon chaiteachas nár thug an tairbhí bunús leordhóthanach ina leith neamh-inaisíoctha.

SÍNITHE

Thar ceann an Tairbhí
[sloinne/céadainm/feidhm]

[síniú]

Arna dhéanamh in [áit], [dáta]

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
[sloinne/céadainm]

[síniú]

Arna dhéanamh in [áit], [dáta]

I ndúblach as Gaeilge

IARSCRÍBHINN

BUISÉAD MEASTA

BUDGET FORM [PARTY]
FINANCIAL YEAR [N]

EXPENDITURE			Budget	Implemented
A. REIMBURSABLE EXPENDITURE	A.1.	Personnel expenditure	0,00	0,00
	A.1.1.	Salaries and equivalent		
	A.1.2.	Social contributions		
	A.1.3.	Other personnel expenditure (e.g. trainings, mission costs)		
	A.2.	Infrastructure and other administrative expenditure	0,00	0,00
	A.2.1.	Rent, charges and maintenance costs of immovable property		
	A.2.2.	Stationery and office supplies, small equipment and software		
	A.2.3.	Depreciation of tangible and intagible assets		
	A.2.4.	Printing, editing, translation and reproduction costs		
	A.2.5.	Legal costs		
	A.2.6.	Accounting and audit costs, bank fees		
	A.2.7.	Miscellaneous (e.g. other services, administrative meetings)		
	A.3.	Meetings, research & communication	0,00	0,00
	A.3.1.	Costs of meetings, seminars, events		
	A.3.2.	Costs of studies and research		
	A.3.3.	Documentation costs (newspapers, press agencies, databases)		
	A.3.4.	Digital presence & social media		
	A.3.5.	Publicity costs		
	A.3.6.	Election campaigns		
	A.3.7.	Other related costs		
	A.4.	Support to associated entities		
	A.5.	Miscellanious deductions		
TOTAL REIMBURSABLE EXPENDITURE			0,00	0,00
B. NON-REIMBURSABLE EXP.	B.1.	Provisions, impairments & write-offs		
	B.2.	Interests owed and exchange losses		
	B.3.	Non-cash benefits		
	B.4.	Net impact of reclassifications related to previous years		
	B.5.	Others (to be specified)		
TOTAL NON-REIMBURSABLE EXPENDITURE			0,00	0,00
C.		TOTAL EXPENDITURE	0,00	0,00

REVENUE			Budget	Implemented
D. EP FUNDING	D.1.	European Parliament funding estimated / used in year N		
	D.2.	European Parliament funding carried over from year N-1 as available at the beginning of year N		
E. OWN RESOURCES	E.1.	Member financial contributions	0,00	0,00
	E.1.1.	from member parties		
	E.1.2.	from individual members		
	E.2	Financial donations	0,00	0,00
		(to be specified)		
	E.3.	Self-generated resources	0,00	0,00
		(e.g. participation fees, sales of publications)		
	E.4.	Other revenue not covered by Regulation (EU, Euratom) 2025/2445	0,00	0,00
		(to be specified)		
	E.5.	Non-cash benefits	0,00	0,00
	E.5.1.	Member non-cash contributions		
	E.5.2.	Non-cash offerings		
TOTAL OWN RESOURCES			0,00	0,00
F.		TOTAL REVENUE	0,00	0,00

G.	SHARE OF SELF-GENERATED RESSOURCES AND OTHER REVENUE IN TOTAL EXPENDITURE	#DIV/0!	#DIV/0!
H.	PROFIT/LOSS	0,00	0,00
I.	INTEREST FROM EP PRE-FINANCING		
J.	EUROPEAN PARLIAMENT FUNDING CARRIED OVER TO YEAR N+1		

= manual data input

IARSCRÍBHINN 1b

[SAMHAIL] COMHAONTÚ DEONTAIS — FONDÚIREACHT

UIMHIR: ... [CUIR ISTEACH]

Tá Parlaimint na hEorpa, a bhfuil a Rúnaíocht suite in
Plateau du Kirchberg, L-2929 Luxembourg,
dá ngairtear 'Parlaimint na hEorpa' anseo feasta,
arna ionadú, i leith shíniú an chomhaontaithe seo,
ag ……[sloinne/céadainm/feidhm],

de pháirt amháin,

agus

[ainm oifigiúil iomlán an tairbhí]
[foirm dhlíthiúil oifigiúil]
[cláruimhir dhlíthiúil]
[seoladh iomlán oifigiúil]
[uimhir CBL],
dá ngairtear 'an tairbhí' anseo feasta,
arna ionadú, i leith shíniú an chomhaontaithe seo,
ag: …… [ionadaí atá i dteideal gealltanais dhlíthiúla a dhéanamh] ……,

den pháirt eile,

TAR ÉIS COMHAONTÚ A DHÉANAMH MAIDIR LEIS

na Téarmaí agus Coinníollacha Speisialta, Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus Iarscríbhinní seo a leanas:
Iarscríbhinn 1 Buiséad measta
Iarscríbhinn 2 Clár oibre

a bheidh ina chuid lárnach den chomhaontú seo.

Beidh tosaíocht ag forálacha na dTéarmaí agus Coinníollacha Speisialta ar fhorálacha chodanna eile an chomhaontaithe seo. Beidh tosaíocht ag forálacha na dTéarmaí agus Coinníollacha Ginearálta ar fhorálacha na nIarscríbhinní eile.

CLÁR NA N-ÁBHAR

Leathanach

I. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SPEISIALTA** 34

Airteagal I.1. — ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE 34

Airteagal I.2. — TRÉIMHSE INCHÁILITHEACHTA 34

Airteagal I.3. — CINEÁL AN CHISTITHE 34

Airteagal I.4. — UASMHÉID CISTIÚCHÁIN SHEALADAIGH 34

Airteagal I.5. — ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS SOCRUITHE LE hAGHAIDH ÍOCAÍOCHTAÍ 34

I.5.1. Réamh-mhaoiniú 34

I.5.2. An t-iarmhéid a íoc leis an tairbhí 34

I.5.3. Airgeadra 34

Airteagal I.6. — CUNTAS BAINC 35

Airteagal I.7. — FORÁLACHA GINEARÁLTA RIARACHÁIN 35

Airteagal I.8. TEACHT I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE 35

II. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA** 35

CUID A: *FORÁLACHA DLÍTHIÚLA AGUS RIARACHÁIN* 35

Airteagal II.1. — SAINMHÍNITHE 35

Airteagal II.2. — OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA AN TAIRBHÍ 36

Airteagal II.3. — OIBLEAGÁIDÍ ATÁ NASCTHA LE CUNTAS BAINC 37

Airteagal II.4. — DLITEANAS AS DAMÁISTÍ 37

Airteagal II.5. — RÚNDACHT 37

Airteagal II.6. — PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA 37

Airteagal II.7. — TAIFID A CHOIMEÁD 37

Airteagal II.8. — INFHEICTHEACHT AN CHISTITHE ÓN AONTAS 38

II.8.1. Faisnéis i dtaobh cistiú ón Aontas 38

II.8.2. Séanadh 38

II.8.3. Foilsiú faisnéise ag Parlaimint na hEorpa 38

Airteagal II.9. — DÁMHACHTAIN CONARTHAÍ AG AN TAIRBHÍ 38

II.9.1. Prionsabail 38

II.9.2. Nósanna imeachta soláthair 39

II.9.3. Dliteanas 39

Airteagal II.10. — TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THRÍÚ PÁIRTITHE 39

Airteagal II.11. — FORCE MAJEURE 40

Airteagal II.12. — Íoc an CHISTITHE A FHIONRAÍ 40
II.12.1. Forais don fhionraí 40
II.12.2. Nós imeachta don fhionraí 40
II.12.3. Éifeachtaí na fionraí 40
II.12.4. Athchromadh ar íocaíocht 40
Airteagal II.13. — TARRAINGT SIAR AN CHINNIDH CISTIÚCHÁIN AG PARLAIMINT NA hEORPA 41
II.13.1. Forais don tarraingt siar 41
II.13.2. Nós imeachta don tarraingt siar 41
Airteagal II.14. — FOIRCHEANNADH AN CISTIÚCHÁIN 41
II.14.1. Foirceannadh arna iarraidh sin ag an tairbhí 41
II.14.2. Foirceannadh ag Parlaimint na hEorpa 41
Airteagal II.15. — SANNADH 42
Airteagal II.16. — ÚS AR ÍOCAÍOCHT DHÉANACH 42
Airteagal II.17. — AN DLÍ IS INFHEIDHME 42
Airteagal II.18. — AN CEART CHUN ÉISTEACHTA 42
CUID B: *FORÁLACHA AIRGEADAIS* 43
Airteagal II.19. — COSTAIS INCHÁILITHE 43
II.19.1. Coinníollacha 43
II.19.2. Samplaí de chostais incháilithe 43
Airteagal II.20. — Costais neamh-incháilithe 44
Airteagal II.21. — SOCHAIR NEAMHAIRGID 44
Airteagal II.22. — AISTRITHE BUISÉID 44
Airteagal II.23. — OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE 45
II.23.1. Tuarascáil bhliantúil 45
II.23.2. Tuarascáil iniúchóra sheachtraigh 45
Airteagal II.24. — CINNEADH AR AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 46
Airteagal II.25. — CINNEADH MAIDIR LE MÉID DEIRIDH AN CHISTITHE 46
II.25.1. Tionchar na tuarascála bliantúla 46
II.25.2. Tairseach 46
II.25.3. Barrachas a thabhairt ar aghaidh 46
(a) Sainmhíniú ar bharrachas 47
(b) An fhoráil do chostais incháilithe a chur i gcuntas 47

II.25.4. Cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe 47
II.25.5. Iarmhéid an chistithe 47
II.25.6. Brabús 47
(a) Sainmhíniú 47
(b) Cúlchistí a fhorbairt 47
(c) Gnóthú 48
Airteagal II.26. — GNÓTHÚ 48
II.26.1. Ús ar íocaíocht dhéanach 48
II.26.2. Frithláireamh 48
II.26.3. Muirir bhainc 48
Airteagal II.27. — RÁTHAÍOCHT AIRGEADAIS 48
Airteagal II.28. — RIALÚ 49
II.28.1. Forálacha ginearálta 49
II.28.2. An oibleagáid chun doiciméid agus/nó faisnéis a sholáthar 49
II.28.3. Seiceálacha ar an láthair a dhéanann an t-údarás inniúil 49
II.28.4. Nós imeachta rialaithe contrártha ag Parlaimint na hEorpa 49
II.28.5. Éifeachtaí conclúidí agus fionnachtana rialaithe 50
II.28.6. Cearta rialaithe ag OLAF 50
II.28.7. Cearta rialaithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa 50
II.28.8. Cearta rialaithe ag OIPE 50
II.28.9. Breithniú ar thorthaí rialaithe agus méid deiridh an chistithe á chinneadh 50
II.28.10. Mainneachtain na hoibleagáidí faoi Airteagal II.28.1 go hAirteagal II.28.3 51
IARSCRÍBHINN 1 — BUISÉAD MEASTA 52
IARSCRÍBHINN 2 — CLÁR OIBRE 53

I. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SPEISIALTA

AIRTEAGAL I.1. — ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE

Déanann Parlaimint na hEorpa cistiú a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí agus cuspóirí reachtúla an tairbhí a chur i bhfeidhm sa bhliain airgeadais [cuir isteach] i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sna Téarmaí agus Coinníollacha Speisialta agus sna Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta ('téarmaí agus coinníollacha'), agus i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gcomhaontú seo. Is cur chun feidhme é sin ar an gcinneadh cistiúcháin a ghlac Parlaimint na hEorpa an [cuir isteach an dáta].

Úsáidfidh an tairbhí an cistiú chun a ghníomhaíochtaí agus a chuspóirí reachtúla a chur chun feidhme, ag gníomhú faoina fhreagracht féin.

AIRTEAGAL I.2. — TRÉIMHSE INCHÁILITHEACHTA

Mairfidh an tréimhse incháilitheachta do chistiú ón Aontas ón [cuir isteach LL/MM/BB] go dtí an [cuir isteach LL/MM/BB].

AIRTEAGAL I.3. — CINEÁL AN CHISTITHE

Beidh an deontas a dhámhtar don tairbhí de bhun Theideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'Rialachán Airgeadais') i bhfoirm aisíocaíochta ar chéatadán de na costais incháilithe a tabhaíodh iarbhír.

AIRTEAGAL I.4. — UASMHÉID CISTIÚCHÁIN SHEALADAIGH

Ranníocfaidh Parlaimint na hEorpa an t-uasmhéid cistiúcháin shealadaigh de EUR [cuir isteach an méid] i gcomhréir leis an gcinneadh cistiúcháin arna ghlacadh ag an mBiúró an [cuir isteach an dáta].

Leagtar an buiséad measta amach san Iarscríbhinn a chuir an tairbhí isteach ina iarratas ar chistiú.

AIRTEAGAL I.5. — ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS SOCRUITHE LE HAGHAIDH ÍOCAÍOCHTAÍ

Déanfar an cistiú a íoc i gcomhréir leis an tráthchlár agus na socruithe seo a leanas.

I.5.1. **Réamh-mhaoiniú**

Déanfar íocaíocht réamh-mhaoinithe de EUR [cuir isteach an méid], arb ionann é agus [100 % mar réamhshocrú, ach murab é sin an cás cuir isteach an céatadán a bheidh cinntithe ag Parlaimint na hEorpa sa Chinneadh Cistiúcháin] den uasmhéid a leagtar síos in Airteagal I.4 den chomhaontú seo, leis an tairbhí laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe nó, más infheidhme, ón dáta a mbeidh an ráthaíocht airgeadais de EUR [... cuir isteach an méid, más infheidhme] faighte ag Parlaimint na hEorpa, cibé acu is déanaí.

I.5.2. **An t-iarmhéid a íoc leis an tairbhí**

I gcás ina mbeidh iarmhéid an chistithe le híoc leis an tairbhí, íocfar leis an tairbhí é laistigh de 30 lá i ndiaidh an dáta a glacadh an cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus méid deiridh an chistithe a chinntiú de réir mar a shainítear in Airteagal II.25.

I.5.3. **Airgeadra**

Is in euro a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa na híocaíochtaí. Maidir le haon chomhshó ar chostais iarbhír go euro, déanfar é ag an ráta laethúil a fhoilsítear i Sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó, murar ar an gcaoi sin a dhéantar é, déanfar é ag an ráta cuntasaíochta míosúil arna bhunú ag Parlaimint na hEorpa agus arna foilsiú aici ar a suíomh gréasáin, agus bainfidh an comhshó leis an ráta is infheidhme don lá a n-eiseoidh Parlaimint na hEorpa an t-ordú íocaíochta, ach amháin sa chás go bhforáiltear go sainráite dá mhalairt sna Téarmaí agus Coinníollacha Speisialta.

Measfar íocaíochtaí ag Parlaimint na hEorpa a bheith déanta ar an dáta a ndéantar iad a chur chun dochair do chuntas Pharlaimint na hEorpa.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Mean Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

AIRTEAGAL I.6. — CUNTAS BAINC

Déanfar na híocaíochtaí, arna sloinneadh in euro, isteach i gcuntas nó fochuntas an bhainc atá i seilbh an tairbhí i mbanc atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach agus a bhfuil a chuid mionsonraí tugtha anseo thíos:

Ainm an bhainc: […]
Seoladh an bhrainse ina bhfuil an cuntas: […]
Ainmníocht bheacht shealbhóir an chuntais: […]
Uimhir iomlán an chuntais (lena n-áirítear cóid bhainc): […]
IBAN: […]
BIC / SWIFT: […]

AIRTEAGAL I.7. — FORÁLACHA GINEARÁLTA RIARACHÁIN

Aon chumarsáid a dhírítear chuig Parlaimint na hEorpa i dtaca leis an gcomhaontú seo, déanfar í i scríbhinn, beidh uimhir an chomhaontaithe seo ag gabháil léi agus seolfar í go leictreonach chuig fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu nó tríd an ngnáthphost chuig an seoladh seo a leanas:

Parlaimint na hEorpa
An tArd-Stiúrthóir Airgeadais
[seoladh an fhoirgnimh / na hoifige le cur isteach]
L-2929 Lucsamburg
LUCSAMBURG

Measfar gnáthphost a bheith faighte ag Parlaimint na hEorpa an dáta a dhéanann Seirbhís Poist Pharlaimint na hEorpa é a chlárú go foirmiúil.

Aon chumarsáid a dhírítear chuig an tairbhí i dtaca leis an gcomhaontú seo, déanfar í i scríbhinn, beidh uimhir an chomhaontaithe ag gabháil léi agus seolfar í chuig an seoladh seo a leanas nó go leictreonach chuig an seoladh ríomhphoist thíos:

Uasal […]
[Teideal]
[Ainm oifigiúil an chomhlachta is tairbhí]
[Seoladh iomlán oifigiúil]
Ríomhphost: […]

Cuirfidh an tairbhí in iúl don oifigeach údarúcháin trí tharmligean i scríbhinn má thagann aon athrú ar a sheoltaí poist nó ríomhphoist gan moill mhíchuí. Leanfaidh an oibleagáid sin d'fheidhm a bheith aici ar feadh 5 bliana tar éis dháta na híocaíochta deiridh faoin gcomhaontú seo.

AIRTEAGAL I.8. — TEACHT I BHFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE

Tiocfaidh an comhaontú i bhfeidhm an dáta a shínítear é thar ceann Pharlaimint na hEorpa.

II. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA**

CUID A: *FORÁLACHA DLÍTHIÚLA AGUS RIARACHÁIN*

AIRTEAGAL II.1. — SAINMHÍNITHE

Chun críche an chomhaontaithe seo:

(1) ciallaíonn 'tuarascáil ghníomhaíochta' bonn cirt i scríbhinn i dtaobh na gcostas a tabhaíodh le linn na tréimhse incháilitheachta. Mar shampla, míniú ar ghníomhaíochtaí, costais riaracháin, etc. Is cuid den tuarascáil bhliantúil í an tuarascáil ghníomhaíochta;

(2) ciallaíonn 'tuarascáil bhliantúil' tuarascáil atá le cur isteach laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhaire an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 2025/2445, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj).

(3) ciallaíonn **'comhardú an chistithe'** an difríocht idir an méid réamh-mhaoinithe de bhun Airteagal I.5.1 agus méid deiridh an chistithe arna shuíomh de bhun Airteagal II.25.4;

(4) ciallaíonn **'imréiteach réamh-mhaoinithe'** staid ina ndéanann an t-oifigeach údarúcháin méid deiridh an chistithe a shuíomh agus a fhágann nach cuid de mhaoin an Aontais a thuilleadh an méid a íoctar leis an tairbhí;

(5) ciallaíonn **'coinbhleacht leasa'** staid lena ndéantar díobháil do chur chun feidhme neamhchlaon agus oibiachtúil an chomhaontaithe ag an tairbhí ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, cúrsaí mothúcháin, cleamhnacht náisiúnta, leas eacnamaíoch nó aon leas eile atá comhroinnte le haon tríú páirtí atá gaolmhar le hábhar an chomhaontaithe; Ní cúis coinbhleachta leasa, i bprionsabal, atá i gcleamhnacht pholaitiúil i gcás comhaontuithe a thugtar i gcrích idir an páirtí polaitiúil agus na heagraíochtaí a chomhroinneann na luachanna polaitiúla céanna. Mar sin féin, sa chás gur ann do chomhaontú den sórt sin, ní mór Airteagal 27 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chomhlíonadh;

(6) ciallaíonn '***bliain airgeadais N***' an bhliain airgeadais dá ndéantar cistiú a dhámhachtain i gcomhréir leis an gcinneadh cistiúcháin dá dtagraítear in Airteagal I.1;

(7) ciallaíonn ***'force majeure'*** aon staid nó teagmhas neamh-intuartha, eisceachtúil nach bhfuil aon smacht ag an tairbhí nó ag Parlaimint na hEorpa orthu a choisceann ceachtar acu óna gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gcomhaontú seo agus nach féidir a lua le hearráid nó faillí dá gcuid féin nó de chuid fochonraitheoirí, eintiteas gaolmhar nó tríú páirtithe atá ag fáil tacaíocht airgeadais agus is léir a bheith dosheachanta in ainneoin an díchill chuí uathusan. Ní féidir na nithe seo a leanas a agairt mar force majeure: díospóidí oibreachais, stailceanna, deacrachtaí airgeadais nó aon mhainneachtain seirbhíse, fabht i dtrealamh nó ábhar nó moilleanna ina gcur ar fáil, mura rud é go n-eascraíonn siad sin go díreach as cás ábhartha force majeure;

(8) ciallaíonn **'fógra foirmiúil a thabhairt'** cumarsáid a dhéanamh i scríbhinn tríd an bpost nó le teachtaireacht ríomhphoist agus cruthúnas seachadta a bheith ag gabháil leis an gcumarsáid sin;

(9) ciallaíonn **'calaois'** aon ghníomh nó neamhghníomh intinniúil a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus a bhaineann le húsáid a bhaint as ráitis nó doiciméid atá falsa, mícheart nó neamhiomlán, nó ráitis nó doiciméid den sórt sin a thabhairt ar aird, nó gan faisnéis a nochtadh i sárú ar oibleagáid shonrach;

(10) ciallaíonn **'cistiú'** deontas arna dhámhachtain i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais agus Caibidil IV de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(11) ciallaíonn **'mírialtacht'** aon sárú ar fhoráil de chuid dhlí an Aontais a bhíonn ann mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh ag an tairbhí agus a bhfuil nó a bhféadfadh a bheith d'éifeacht aige go ndéanfaí dochar do bhuiséad an Aontais;

(12) ciallaíonn '***sochair neamhairgid***' aon tairiscint nó ranníocaíocht chomhchineáil, aon earraí, seirbhísí nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh, agus aon idirbheart eile arb ionann é agus buntáiste eacnamaíoch don tairbhí de réir bhrí Airteagal 2, pointí (9) agus (10), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

(13) ciallaíonn '**acmhainní dílse**' na foinsí cistiúcháin seachas cistiúchán ó bhuiséad ginearálta an Aontais, arb é atá iontu tabhartais, ranníocaíochtaí, acmhainní féinghinte (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (9), (10) agus (11), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445) agus ioncam eile (e.g. ús a thuilltear ar chúlchistí, damáistí dlíthiúla);

AIRTEAGAL II.2. — OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA AN TAIRBHÍ

Maidir leis an tairbhí:

(a) is air a bheidh an fhreagracht iomlán as aon oibleagáid dhlíthiúil atá air a chomhlíonadh agus is air a bheidh an t-ualach a chruthú go gcomhlíontar í;

(b) beidh sé de cheangal air aon damáiste a fhulaingíonn Parlaimint na hEorpa mar thoradh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe seo, lena n-áirítear cur chun feidhme mícheart, a chúiteamh, ach amháin i gcásanna de *force majeure*;

(c) is air a bheidh an dliteanas iomlán i leith tríú páirtithe, lena n-áirítear i leith damáiste d'aon chineál a fhulaingíonn siad le linn chur chun feidhme an chomhaontaithe seo;

(d) cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa láithreach má thagann aon athrú ar a staid dhlíthiúil, airgeadais, theicniúil, eagraíochtúil nó úinéireachta agus freisin i dtaobh aon athrú ar a ainm, a sheoladh nó a ionadaí dlíthiúil;

(e) déanfaidh sé gach beart is gá chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon choinbhleacht leasa chun cinn.

AIRTEAGAL II.3. — OIBLEAGÁIDÍ ATÁ NASCTHA LE CUNTAS BAINC

An cuntas nó fochuntas dá dtagraítear in Airteagal I.6, ní mór go mbeadh sé indéanta na méideanna atá íoctha ag Parlaimint na hEorpa a shainaithint iontu mar aon leis an ús nó sochair choibhéiseacha a fhaightear.

Más rud é, faoi dhlí an Bhallstáit arb ina chríoch atá an cuntas oscailte, go bhfaightear ús nó sochair choibhéiseacha ar na méideanna a íoctar isteach sa chuntas sin, féadfaidh an tairbhí an t-ús nó na sochair sin a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Rialachán Airgeadais.

Ní dhéanfar, in imthosca ar bith, na méideanna a íocfaidh Parlaimint na hEorpa a úsáid chun críocha amhantraíochta.

Fanfaidh an réamh-mhaoiniú ina mhaoin de chuid an Aontais go dtí go mbeadh sé imréitithe i gcoinne mhéid deiridh an chistithe.

AIRTEAGAL II.4. — DLITEANAS AS DAMÁISTÍ

Ní fhéadfar Parlaimint na hEorpa a choinneáil faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéantar don tairbhí nó a fhulaingíonn an tairbhí, lena n-áirítear aon damáiste a dhéanann tríú páirtithe le linn nó mar thoradh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe seo.

Ach amháin i gcásanna de force majeure, déanfaidh an tairbhí nó an duine gaolmhar cúiteamh le Parlaimint na hEorpa as aon damáiste a fhulaingíonn sí mar thoradh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe nó mar gheall ar gan an comhaontú a chur chun feidhme i lán-chomhlíonadh a chuid forálacha.

AIRTEAGAL II.5. — RÚNDACHT

Mura sonrófar a mhalairt sa chomhaontú seo, in Airteagal 39 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus i ngníomhartha dlíthiúla eile an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), geallfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tairbhí go gcaomhnóidh siad an rúndacht a ghabhann le haon doiciméad, faisnéis nó ábhar eile a bhaineann go díreach le hábhar an chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL II.6. — PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chomhaontaithe, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa, comhlíonfaidh sí Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

Is chun críocha chur chun feidhme agus fhaireachán an chomhaontaithe seo, agus chun na gcríoch sin amháin, a dhéanfar na sonraí sin a phróiseáil, gan dochar don fhéidearthacht iad a aistriú chuig comhlachtaí atá freagrach as cúraimí fíoraithe agus iniúchóireachta a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais.

Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanfaidh an tairbhí i dtaca leis an gcomhaontú seo, tá sí faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Gan dochar do na cásanna eile dá bhforáiltear sa Rialachán sin, ní údaraítear próiseáil ar shonraí pearsanta i ndáil leis an gcomhaontú seo ach amháin má tá sé sin riachtanach chun an comhontú seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL II.7. — TAIFID A CHOIMEÁD

I gcomhréir le hAirteagal 133 den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an tairbhí aon taifead, lena n-áirítear taifid chuntasaíochta, staitistiúla agus cánach, agus doiciméid tacaíochta a bhaineann le cur chun feidhme an chomhaontaithe a choimeád ar feadh 5 bliana tar éis na híocaíochta deiridh a bhaineann leis an gcomhaontú.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.2.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

Taifid a bhaineann le hiniúchtaí, le achomhairc, le dlíthíocht, le socrú éileamh a eascraíonn as úsáid an chistithe nó le himscrúduithe ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), má thugtar fógra don tairbhí ina dtaobh, déanfar iad a choinneáil go dtí go dtiocfaidh críoch leis na hiniúchtaí, na hachomhairc, an dlíthíocht, an socrú éilimh nó na himscrúduithe sin.

I gcás aon chonradh soláthair a thugann an tairbhí i gcrích chun an comhaontú a chur chun feidhme, coimeádfaidh an tairbhí taifead ar an nós imeachta tairisceana, lena n-áirítear an comhfhreagras bunaidh (leictreonach/páipéar) (amhail cuirí chun tairisceana agus sonraíochtaí na tairisceana), taifead i scríbhinn ar mheastóireacht na dtairiscintí a fuarthas, an t-údar i scríbhinn le rogha an tsoláthróra deiridh, agus an conradh bunaidh arna shíniú ag an dá pháirtí.

AIRTEAGAL II.8. — INFHEICTHEACHT AN CHISTITHE ÓN AONTAS

II.8.1. **Faisnéis i dtaobh cistiú ón Aontas**

Mura n-iarrfaidh nó mura gcomhaontóidh Parlaimint na hEorpa a mhalairt, déanfar aon chumarsáid nó foilseachán (lena n-áirítear ar líne), lena n-áirítear ag comhdhálacha nó seimineáir, agus aon ábhar faisnéise, amhail bróisiúir, bileoga, póstaeir, cuir i láthair a dhéanann an tairbhí, agus a bhaineann le gníomhaíocht arna cistiú ag an deontas, tacaíocht ón Aontas don tairbhí a aithint, tríd an ráiteas cistiúcháin seo a leanas (arna aistriú go teangacha áitiúla, i gcás inarb iomchuí):

'Maoinítear an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach [ainm nó acrainm] go 95 % ar a mhéad ó chistí an Aontais.'

II.8.2. **Séanadh**

Tabharfar le fios in aon chumarsáid nó foilseachán ag an tairbhí, is cuma cén fhoirm nó cén meán, gur ar an tairbhí amháin atá an dliteanas agus nach bhfuil an tAontas Eorpach freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá iontu.

II.8.3. **Foilsiú faisnéise ag Parlaimint na hEorpa**

I gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, foilseoidh Parlaimint na hEorpa ar a suíomh gréasáin an fhaisnéis a bhfuil sí freagrach aisti, mar a shonraítear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

AIRTEAGAL II.9. — DÁMHACHTAIN CONARTHAÍ AG AN TAIRBHÍ

II.9.1. **Prionsabail**

Féadfar cistiú a úsáid chun caiteachas a bhaineann le conarthaí a thugann an tairbhí i gcrích a aisíoc, ar choinníoll:

(a) nach raibh aon choinbhleachtaí leasa ann nuair a dámhadh na conarthaí;

(b) i gcomhréir le hAirteagal 163(1) den Rialachán Airgeadais, gur comhalladh prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe nuair a dámhadh na conarthaí;

(c) nach mó ná 5 bliana fad na gconarthaí soláthair lena mbaineann, lena n-áirítear athnuachan;

(d) i gcás conarthaí soláthair ar mó a luach ná EUR 60 000 (gan CBL a áireamh) in aghaidh an tsoláthróra agus in aghaidh an earra nó na seirbhíse, go n-eagróidh an tairbhí nósanna imeachta tairisceana i gcomhréir le hAirteagal II.9.2;

Ní chinnfear luach measta conartha d'fhonn dul timpeall ar na rialacha is infheidhme, ná ní scoiltfear conradh chun na críche sin. Chun a chinneadh ar baineadh amach an tairseach EUR 60 000 (gan CBL a áireamh), cuirfear i gcuntas luach foriomlán an chonartha thar thréimhse iomlán bheartaithe an chonartha, lena n-áirítear aon mhéid a bhaineann le fochonraitheoireacht.

II.9.2. **Nósanna imeachta soláthair**

I gcás conarthaí soláthair ar mó a luach ná EUR 60 000 (gan CBL a áireamh), eagróidh an tairbhí nósanna imeachta soláthair i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) áireofar sa ghlao ar thairiscintí (cuireadh i scríbhinn chun tairiscint a dhéanamh) critéir eisiaimh, critéir roghnúcháin (lena n-áirítear íoschumas airgeadais agus teicniúil), critéir dhámhachtana agus modh scórála bunaithe ar phraghas agus ar cháilíocht nó ar phraghas amháin, agus sonraíochtaí teicniúla (táirgí insoláthartha tuartha, cáilíocht agus méid ionchasach na seirbhísí/na n-earraí) nach mór don tairbhí measúnú a dhéanamh ar thairiscintí ina n-aghaidh; cuirfidh tairgeoirí tairiscintí dátaithe agus sínithe isteach maille le praghsanna (lena n-áirítear praghsanna in aghaidh an aonaid más infheidhme) agus doiciméid tacaíochta, ina lamhálfar comparáid idir tairiscintí;

(b) déanfar an glao ar thairiscintí a fhoilsiú nó a sheoladh trí shlite iomchuí, chun iomaíocht leathan le sprioc-amanna réasúnacha (10 lá ar a laghad) a áirithiú chun iarratais/tairiscintí a chur isteach;

(c) baileoidh an tairbhí trí thairiscint neamhspleácha ar a laghad. Más lú ná a trí líon na dtairiscintí neamhspleácha a fhreagraíonn don chuireadh i scríbhinn chun tairiscint a dhéanamh, léireoidh an tairbhí go raibh sé dodhéanta breis tairiscintí a fháil don soláthar i dtrácht.

(d) déanfar meastóireacht ar thairiscintí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa ghlao ar thairiscintí; léireofar scóir sa tuarascáil mheastóireachta, leagfar béim inti ar bhuntáistí comparáideacha an tairgeora roghnaithe agus beidh sí dátaithe agus sínithe ag beirt ionadaithe de chuid an tairbhí, nach bhfuil aon choinbhleacht leasa acu;

(e) déanfaidh an dá pháirtí na conarthaí a dhátú agus a shíniú agus léireofar iontu na téarmaí céanna agus atá sa tairiscint, nó cuirfear san áireamh iontu téarmaí nach lú fabhar don tairbhí;

(f) lamhálfar fochonraitheoireacht má áirítear í sna tairiscintí agus má údaraítear í sna sonraíochtaí teicniúla;

Féadfaidh nósanna imeachta soláthair a bheith faoi réir ceanglais bhreise mar a leagtar amach iad sa ghlao ar thograí.

II.9.3. **Dliteanas**

Is ar an tairbhí a bheidh an fhreagracht iomlán i ndáil le cur chun feidhme an chomhaontaithe agus i ndáil le forálacha an chomhaontaithe a chomhlíonadh. Luafaidh an tairbhí ina chonarthaí le tríú páirtithe nach féidir, in imthosca ar bith, Parlaimint na hEorpa a mheas mar pháirtí sna conarthaí sin ná a chur faoi dhliteanas ar shlí ar bith i leith na gconraitheoirí.

AIRTEAGAL II.10. — TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THRÍÚ PÁIRTITHE

Aon tacaíocht airgeadais a dheonaíonn an tairbhí do thríú páirtithe de réir bhrí Airteagal 207 den Rialachán Airgeadais, féadfar, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mheas gurb ionann iad agus costais incháilithe:

(a) tá an tacaíocht airgeadais á dheonú ag an tairbhí do na tríú páirtithe seo a leanas, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu tráth an iarratais agus tráth a shocraítear an íocaíocht: ... [cuir isteach ainmneacha na dtairbhithe féideartha de réir mar a shonraítear san fhoirm iarratais];

(b) ní mó ná EUR 60 000 an tacaíocht airgeadais in aghaidh gach tríú páirtí;

(c) is le haghaidh costais incháilithe a úsáidfidh an tríú páirtí an tacaíocht airgeadais;

Ní dhéanfar páirtí polaitiúil Eorpach agus fondúireacht pholaitiúil náisiúnta nó Eorpach a mheas mar thríú páirtí chun críocha an Airteagail seo.

Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh ar chumas Pharlaimint na hEorpa, an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (Údarás), Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, OIPE, i gcás inarb infheidhme, nó OLAF a gcumhachtaí rialaithe faoi Chaibidil V de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus faoi Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais a fheidhmiú.

AIRTEAGAL II.11. — FORCE MAJEURE

Más rud é go mbíonn Parlaimint na hEorpa nó an tairbhí i staid force majeure, cuirfidh siad an méid sin in iúl gan mhoill don pháirtí eile, le litir chláraithe lena ngabhann cruthúnas seachadta nó a choibhéis, á lua dóibh cineál na staide atá i gceist mar aon lena ré dhóchúil agus na héifeachtaí is dócha a bheidh aici.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tairbhí gach dícheall chun aon damáiste a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar staid force majeure a íoslaghdú.

Ní mheasfar Parlaimint na hEorpa ná an tairbhí a bheith ag sárú aon cheann dá chuid oibleagáidí faoin gcomhaontú más rud é gur coinníodh í nó é ón oibleagáid sin a chomhall mar gheall ar force majeure.

AIRTEAGAL II.12. — ÍOC AN CHISTITHE A FHIONRAÍ

II.12.1. **Forais don fhionraí**

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa íocaíocht an chistithe a chur ar fionraí, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoin Rialachán Airgeadais (go háirithe Airteagal 116(4), Airteagal 132 agus Airteagal 205(2) de), lena n-áirítear sna himthosca seo a leanas:

(i) i gcás ina mbeidh amhras air faoi neamhrialtachtaí, calaois nó sáruithe oibleagáidí a rinne an tairbhí le linn an nós imeachta dámhachtana nó le linn chur chun feidhme an chomhaontaithe go dtí go mbeidh fíorú na n-amhras sin tugtha i gcrích;

(ii) i gcás ina mbeidh an tairbhí faoi réir smachtbhannaí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 32(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, atá thar téarma, go dtí go n-íocfar an smachtbhanna airgeadais, nó

(iii) mura gcomhallfaidh an tairbhí na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal II.28.1 go hAirteagal II. 28.3 den chomhaontú seo.

II.12.2. **Nós imeachta don fhionraí**

Céim 1 — Sula bhfionraítear an íocaíocht, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra foirmiúil don tairbhí á rá go bhfuil sé ar intinn aici an fionraí a dhéanamh agus luafaidh sí san fhógra sin na cúiseanna atá aici chun é sin a dhéanamh agus iarrfaidh sí ar an tairbhí barúlacha a chur faoina bráid laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaigheann an tairbhí an fógra sin.

Céim 2 — Más rud é, tar éis don tréimhse chun barúlacha a chur isteach a dhul in éag, go gcinneann Parlaimint na hEorpa gan leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta don fhionraí, tabharfaidh sí fógra don tairbhí ina gcuirfear an cinneadh sin in iúl.

Más rud é, tar éis don tréimhse chun barúlacha a chur isteach a dhul in éag, go gcinneann Parlaimint na hEorpa leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta don fhionraí, tabharfaidh sí fógra foirmiúil don tairbhí, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe maidir le fionraí, á chur in iúl dó:

(i) sa chás dá dtagraítear in Airteagal II.12.1, pointe (i), an dáta táscach ar a meastar go mbeidh an fíorú is gá tugtha chun críche, agus na méideanna atá ar fionraí; agus

(ii) aon leigheasanna dlíthiúla.

II.12.3. **Éifeachtaí na fionraí**

Beidh d'éifeacht le fionraí na híocaíochta nach mbeidh an tairbhí i dteideal aon íocaíocht a fháil ó Pharlaimint na hEorpa go dtí go mbeidh an fíorú dá dtagraítear faoi Airteagal II.12.2, pointe (i), faoi Chéim 2, tugtha chun críche nó nach mbeidh feidhm a thuilleadh leis an bhforas don fhionraí. Tá an méid sin gan dochar don cheart atá ag Parlaimint na hEorpa, faoi Airteagail II.13 agus II.14, an Cinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar nó a fhoirceannadh.

II.12.4. **Athchromadh ar íocaíocht**

A thúisce nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag an bhforas don fhionraí ar íocaíocht, athchromfar arís ar na híocaíochtaí lena mbaineann agus tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra ina leith sin don tairbhí.

AIRTEAGAL II.13. — TARRAINGT SIAR AN CHINNIDH CISTIÚCHÁIN AG PARLAIMINT NA HEORPA

II.13.1. **Forais don tarraingt siar**

I gcás ina nglacfaidh an tÚdarás cinneadh chun an tairbhí a bhaint den Chlár ar bhonn Airteagal 21(1), pointe (a)(iv) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa siar an cinneadh cistiúcháin maidir leis an tairbhí de bhun Airteagal 37 den Rialachán sin agus leis na hiarmhairtí a shonraítear ann.

II.13.2. **Nós imeachta don tarraingt siar**

Céim 1 — Sula dtarraingeofar siar an cinneadh cistiúcháin maidir le tairbhí, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra foirmiúil don tairbhí á rá go bhfuil sé ar intinn aici an tarraingt siar a dhéanamh agus luafaidh sí san fhógra sin na cúiseanna atá aici chun é sin a dhéanamh agus iarrfaidh sí ar an tairbhí barúlacha a chur faoina bráid laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaigheann an tairbhí an fógra sin.

Céim 2 — Má chinneann Parlaimint na hEorpa, tar éis dul in éag don tréimhse chun barúlacha a chur isteach, gan an Cinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar, tabharfaidh sí fógra don tairbhí ina gcuirfear an cinneadh sin in iúl.

Más rud é, tar éis don tréimhse chun barúlacha a chur isteach a dhul in éag, go gcinneann Parlaimint na hEorpa an Cinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar, tabharfaidh sí fógra foirmiúil don tairbhí, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe maidir le tarraingt siar, á chur sin in iúl dó.

Céim 3 — Tar éis cinneadh a ghlacadh i ndáil leis an gCinneadh Cistiúcháin a tharraingt siar, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, gan mhoill, fógra a thabhairt don tairbhí á chur in iúl dó go bhfuil comhaontú an deontais foirceanta.

AIRTEAGAL II.14. — FOIRCHEANNADH AN CISTIÚCHÁIN

II.14.1. **Foirceannadh arna iarraidh sin ag an tairbhí**

Féadfaidh an tairbhí foirceannadh an Chinnidh Cistiúcháin a iarraidh.

Tabharfaidh an tairbhí fógra foirmiúil do Pharlaimint na hEorpa i dtaobh an fhoirceanta, á lua dó:

(a) na cúiseanna atá leis an bhfoirceannadh; agus

(b) an dáta ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh, ar dáta é nach mbeidh níos túisce ná an dáta a ndearnadh an fógra foirmiúil a sheoladh.

Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh an Chinnidh Cistiúcháin ar an lá a shonraítear sa chinneadh i ndáil le foirceannadh nó, mura mbeidh aon lá sonraithe ansin, ar an lá a bhfógraítear é don tairbhí. Tar éis fhoirceannadh an Chinnidh Cistiúcháin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, gan mhoill, comhaontú an deontais a fhoirceannadh le héifeacht ón lá céanna.

II.14.2. **Foirceannadh ag Parlaimint na hEorpa**

II.14.2.A. *Forais don fhoirceannadh*

Foirceannfaidh Parlaimint na hEorpa an Cinneadh Cistiúcháin le héifeacht amach anseo agus, dá thoradh sin, foirceannfaidh sí an Comhaontú seo, i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil foras ann le foirceannadh faoi Airteagal 36(1), pointe (a) nó (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(b) mura ndéanfaidh an tairbhí Airteagal 23(2), an dara habairt, de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chomhlíonadh a thuilleadh;

(c) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 132 agus 205 den Rialachán Airgeadais;

(d) an tairbhí nó aon duine gaolmhar nó duine a bhfuil dliteanas neamhtheorannaithe glactha aige as fiacha an tairbhí, tagann siad faoi aon cheann de na staideanna dá bhforáiltear in Airteagal 138(1), pointí (a) nó (b), den Rialachán Airgeadais;

(e) tá an tairbhí nó aon duine gaolmhar i gceann de na staideanna dá bhforáiltear in Airteagal 138(1), pointí (c) go (h), nó tagann siad faoi raon feidhme Airteagal 138(3) den Rialachán Airgeadais;

II.14.2.B. *Nós imeachta don fhoirceannadh*

Céim 1 — Sula bhfoirceannfar an Cinneadh Cistiúcháin, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa fógra foirmiúil don tairbhí á rá go bhfuil sé ar intinn aici an foirceannadh a dhéanamh agus luafaidh sí san fhógra sin na cúiseanna atá aici chun é sin a dhéanamh agus iarrfaidh sí ar an tairbhí barúlacha a chur faoina bráid laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaigheann an tairbhí an fógra sin.

Céim 2 — Más rud é, tar éis don tréimhse chun barúlacha a chur isteach a dhul in éag, go gcinneann Parlaimint na hEorpa gan an Cinneadh Cistiúcháin a fhoirceannadh, tabharfaidh sí fógra don tairbhí ina gcuirfear an cinneadh sin in iúl.

Más rud é, tar éis don tréimhse chun barúlacha a chur isteach a dhul in éag, go gcinneann Parlaimint na hEorpa an Cinneadh Cistiúcháin a fhoirceannadh, tabharfaidh sí fógra foirmiúil don tairbhí, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe maidir le foirceannadh, á chur sin in iúl dó.

Céim 3 — Tar éis cinneadh a ghlacadh i ndáil leis an gCinneadh Cistiúcháin a fhoirceannadh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, gan mhoill, fógra a thabhairt don tairbhí á chur in iúl dó go bhfuil comhaontú an deontais foirceannta.

AIRTEAGAL II.15. — SANNADH

Ní fhéadfaidh an tairbhí aon cheann dá chuid éileamh ar íocaíocht in aghaidh Pharlaimint na hEorpa a shannadh chuig aon tríú páirtí, ach amháin sa chás go mbeidh sé sin formheasta roimh ré ag Parlaimint na hEorpa ar bhonn iarraidh réasúnaithe i scríbhinn ón tairbhí.

Mura nglacann Parlaimint na hEorpa i scríbhinn leis an sannadh nó más rud é nach gcomhlíontar na téarmaí a ghabhann leis an nglacadh sin, ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag an sannadh.

Ní fhéadfaidh sannadh, in imthosca ar bith, an tairbhí a scaoileadh óna oibleagáidí i leith Pharlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL II.16. — ÚS AR ÍOCAÍOCHT DHÉANACH

Mura n-íocfaidh Parlaimint na hEorpa laistigh de na teorainneacha ama chun íocaíochta, beidh an tairbhí i dteideal ús ar íocaíocht dhéanach ag an ráta a bheidh i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach dá phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin in euro ('an ráta tagartha'), móide trí phointe go leith. Is é an ráta tagartha ná an ráta atá i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí ina dtéann an teorainn ama le haghaidh íocaíochta in éag, de réir mar a fhoilsítear i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Más rud é go bhfionraíonn Parlaimint na hEorpa na híocaíochtaí de réir mar a fhoráiltear in Airteagal II.12, ní fhéadfar na gníomhaíochtaí sin a mheas mar chásanna d'íocaíocht dhéanach.

Clúdaíonn ús ar íocaíocht dhéanach an tréimhse ón lá i ndiaidh an dáta dlite d'íocaíocht suas go dtí agus ag áireamh dáta na híocaíochta iarbhír.

Mar eisceacht ar an gcéad fhomhír, má bhíonn an t-ús ríofa níos lú ná nó cothrom le EUR 200, ní cheanglófar ar Pharlaimint na hEorpa é a íoc leis an tairbhí ach amháin má iarrann an tairbhí é laistigh de 2 mhí ón íocaíocht dhéanach a fháil.

AIRTEAGAL II.17. — AN DLÍ IS INFHEIDHME

Tá an comhaontú seo á rialú le dlí infheidhme an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus na rialacha infheidhme an Rialacháin Airgeadais. Tá siad comhlánaithe, i gcás inar gá sin, le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a cheannáras ag an tairbhí.

AIRTEAGAL II.18. — AN CEART CHUN ÉISTEACHTA

Sna cásanna, faoin gcomhaontú seo, go bhfuil an tairbhí i dteideal a bharúlacha a chur isteach, tabharfar tréimhse 10 lá oibre, ach amháin sa chás go bhforáiltear go sainráite dá mhalairt, don tairbhí chun barúlacha i scríbhinn a chur isteach. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ón tairbhí, féadfar fadú 10 lá oibre eile a chur aon uair amháin leis an tréimhse sin.

CUID B: *FORÁLACHA AIRGEADAIS*

AIRTEAGAL II.19. — COSTAIS INCHÁILITHE

II.19.1. **Coinníollacha**

Chun iad a mheas le bheith incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas, agus i gcomhréir le hAirteagal 189 den Rialachán Airgeadais, leis na costais, comhlíonfar na critéir charnacha seo a leanas:

(a) a bheith bainteach go díreach le hábhar an chomhaontaithe agus foráil a bheith déanta dóibh sa bhuiséad measta a bheidh i gceangal leis an gcomhaontú;

(b) gá a bheith leo chun an comhaontú a chur chun feidhme;

(c) a bheith réasúnach agus bonn cirt leo, agus go gcomhlíonann siad prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe maidir le barainneacht agus éifeachtúlacht;

(d) a bheith ginte i rith thréimhse na hincháilitheachta de réir mar a shainmhínítear in Airteagal I.2, cé is moite de chostais a bhaineann le tuarascálacha bliantúla agus le deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus ar na cuntais fholuiteacha;

(e) iad a bheith tabhaithe go hiarbhír ag an tairbhí;

(f) iad a bheith inaitheanta agus infhíoraithe, agus taifeadta i gcuntais an tairbhí, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme ina leith;

(g) ceanglais na ndlíthe cánach agus slándála sóisialta is infheidhme a chomhlíonadh;

(h) Airteagal II.9.1 a chomhlíonadh;

(i) na ceanglais nós imeachta a leagtar síos in Airteagal II.9.2 a chomhlíonadh, má eascraíonn na costais ábhartha as conarthaí soláthair ar mó a luach ná EUR 60 000 (gan CBL a áireamh);

(j) na ceanglais a leagtar síos i dTeideal XI den Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 nó sa ghlao ar thograí a chomhlíonadh.

Beidh nósanna imeachta cuntasaíochta agus iniúchta inmheánaigh an tairbhí amhlaidh agus go mbeidh sé indéanta na costais agus an t-ioncam a bheidh dearbhaithe sa tuarascáil bhliantúil a imréiteach go díreach leis na ráitis airgeadais agus leis na doiciméid tacaíochta a chomhfhreagraíonn dóibh. Féadfar go n-aicmeofar na costais mar chostais neamh-incháilithe mar thoradh ar easpa réitigh chuí.

II.19.2. **Samplaí de chostais incháilithe**

Chun iad a mheas le bheith incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas, agus i gcomhréir le hAirteagal 189 den Rialachán Airgeadais, ní mór do na costais na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) costais atá nasctha le cúnamh teicniúil, cruinnithe, taighde, imeachtaí trasteorann, staidéir, faisnéis agus foilseacháin, agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta amhail cúrsaí oiliúna nó meantóireacht;

(b) costais phearsanra, atá comhdhéanta de thuarastail iarbhír, ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus costais reachtacha eile atá ar áireamh sa luach saothair, ar choinníoll nach mó iad ná na meánrátaí faoi ghnáthbheartas an tairbhí i leith luach saothair;

(c) speansais taistil agus chothaithe don fhoireann, ar choinníoll go mbeidh siad comhsheasmhach le gnáthchleachtais an tairbhí maidir le costais taistil;

(d) costais dímheasa trealaimh nó sócmhainní eile (nua nó athláimhe) de réir mar atá taifeadta i ráitis chuntasaíochta an tairbhí, ar choinníoll i dtaobh na sócmhainne:

   (i) go ndéanfar í a dhímheas i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta áitiúla agus cleachtais chuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach le himeacht ama; agus

   (ii) gur ceannaíodh í i gcomhréir le hAirteagal II.9.1 agus le hAirteagal II.9.2;

(e) costais ráthaíochtaí airgeadais, a bhaineann leis an réamh-mhaoiniú a íocann Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL II.20. — COSTAIS NEAMH-INCHÁILITHE

Gan dochar d'Airteagal II.19.1 den chomhaontú seo, measfar a costais seo a leanas a bheith neamh-incháilithe:

(a) toradh ar chaipiteal agus díbhinní atá íoctha ag an tairbhí;

(b) fiacha agus táillí seirbhíse fiach;

(c) forálacha le haghaidh caillteanas nó fiach;

(d) ús atá dlite, seachas ús diúltach don chuntas ina bhfaightear réamh-mhaoiniú ó Pharlaimint na hEorpa, ar choinníoll nárbh fhéidir an t-ús diúltach sin a sheachaint;

(e) fiacha amhrasacha;

(f) caillteanais mhalairte;

(g) costais a ghabhann le haistrithe ó Pharlaimint na hEorpa arna ngearradh ag banc an tairbhí;

(h) costais arna ndearbhú ag an tairbhí faoi ghníomhaíocht eile a fhaigheann deontas atá maoinithe as buiséad an Aontais;

(i) sochair neamhairgid;

(j) caiteachas iomarcach nó meargánta;

(k) CBL in-asbhainte;

(l) cistiú toirmiscthe ó thríú páirtithe áirithe de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

(m) costais a bhaineann le díospóidí dlíthiúla le Parlaimint na hEorpa nó leis an Údarás;

(n) méid na smachtbhannaí airgeadais a fhorchuireann an tÚdarás nó aon údarás náisiúnta agus ús ar íocaíochtaí déanacha is iníoctha mar thoradh air sin;

(o) caiteachas a bhfuil fianaise thacaíochta de dhíth air, amhail doiciméid tairisceana, conarthaí, sonraisc, táirgí insoláthartha;

AIRTEAGAL II.21. — SOCHAIR NEAMHAIRGID

Ní mó luach na sochar neamhairgid ná an méid seo a leanas:

(a) na costais a chomhfhreagraíonn do shochair neamhairgid, a íocann na tríú páirtithe nó na comhaltaí a dheonaíonn na sochair sin go hiarbhír, agus doiciméid chuntasaíochta ag tacú leo go cuí;

(b) in éagmais doiciméid den chineál sin, na costais a chomhfhreagraíonn do na costais a nglactar leo i gcoitinne ar an margadh atá i gceist;

(c) a luach de réir mar atá glactha leo sa bhuiséad measta a leagtar amach san Iarscríbhinn;

(d) 50 % de na hacmhainní dílse de réir mar atá glactha leo sa bhuiséad measta.

Sochair neamhairgid:

(a) tabharfar cuntas ar leithligh iontu, in ioncam agus i gcaiteachas araon;

(b) comhlíonfaidh siad Airteagal 25 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, chomh maith leis na rialacha náisiúnta cánach agus slándála sóisialta;

(c) is ar bhonn sealadach amháin a ghlacfar leo, faoi réir ag deimhniú ag iniúchóir seachtrach agus faoi réir glacadh leo sa chinneadh i dtaobh mhéid deiridh an chistithe;

(d) ní bheidh siad i bhfoirm maoin dhochorraithe.

AIRTEAGAL II.22. — AISTRITHE BUISÉID

Lamhálfar don tairbhí an buiséad measta a leagtar amach san Iarscríbhinn a choigeartú trí bhíthin aistrithe idir na catagóirí éagsúla den bhuiséad gan dochar d'Airteagal II.21. Ní cheanglófar leasú ar an gcomhaontú leis an gcoigeartú seo. Tabharfar bonn cirt sa tuarascáil bhliantúil d'aistrithe den sórt sin.

AIRTEAGAL II.23. — OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE

II.23.1. **Tuarascáil bhliantúil**

De rogha faoin 15 Bealtaine, agus ar a dhéanaí faoin 30 Meitheamh, i ndiaidh dheireadh bhliain airgeadais N, cuirfidh an tairbhí tuarascáil bhliantúil i bhformáid oscailte, meaisín-inléite, faoi bhráid an oifigigh údarúcháin trí tharmligean, ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) ráitis airgeadais bhliantúla agus na nótaí a ghabhann leo, a chlúdaíonn ioncam agus costais an tairbhí, sócmhainní agus dliteanais ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil suíochán an tairbhí;

(b) tuarascáil iniúchóireachta seachtraí ar na ráitis airgeadais bhliantúla, lena gcumhdaítear iontaofacht na ráiteas airgeadais agus dlíthiúlacht agus rialtacht a n-ioncam agus a gcaiteachas, arna déanamh ag comhlacht nó saineolaí neamhspleách;

(c) liosta na ndeontóirí agus na ranníocóirí agus a ndeonuithe nó a ranníocaíochtaí comhfhreagracha agus a n-acmhainní féinghinte arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(d) tuarascáil ar ghníomhaíochtaí;

(e) ráiteas airgeadais den chaiteachas agus den ioncam iarbhír bunaithe ar struchtúr an bhuiséid mheasta;

(f) mionsonraí na gcuntas maidir le hioncam, costais, sócmhainní agus dliteanais;

(g) imréiteach idir an ráiteas airgeadais dá dtagraítear i bpointe (e) agus mionsonraí na gcuntas dá dtagraítear i bpointe (f);

(h) liosta de na soláthróirí a ghearr os cionn EUR 10 000 ar an tairbhí i mbliain airgeadais N nó dá bhfuil an luach carnach le 5 bliana anuas cothrom le EUR 60 000 (gan CBL a áireamh) nó níos mó ná sin, lena sonraítear ainm agus seoladh an tsoláthróra chomh maith leis an gcur síos ar na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear;

I gcás tabhairt anonn a bheith i gceist faoi mar a shonraítear in Airteagal II.25.3, áireofar sa tuarascáil bhliantúil na doiciméid dá dtagraítear i bpointí (d), (e), (f) agus (g) a chlúdaíonn an chéad ráithe den bhliain i ndiaidh na bliana airgeadais i dtrácht.

An fhaisnéis a bheidh ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil, beidh sí leordhóthanach ionas gur féidir méid deiridh an chistithe a shuíomh.

II.23.2. **Tuarascáil iniúchóra sheachtraigh**

Comhoibreoidh an tairbhí leis na comhlachtaí nó na saineolaithe seachtracha neamhspleácha, dá mbeidh sainordú tugtha de bhun Airteagal 28(3) de Rialacháin (AE, Euratom) 2025/2445, agus an tuarascáil iniúchóireachta seachtraí á hullmhú agus á cur isteach a shonraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Chuige sin, soláthróidh an tairbhí aon fhaisnéis nó doiciméad a iarrfaidh an t-iniúchóir seachtrach de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, lena n-áirítear i gcúrsa seiceálacha ar an láthair, a dhéantar faoi na coinníollacha céanna agus in Airteagal II.28.3 den chomhaontú seo.

Is é an cuspóir atá leis an iniúchadh seachtrach ná iontaofacht na ráiteas airgeadais agus dlíthiúlacht agus rialtacht a n-ioncaim agus a gcaiteachais a dheimhniú, agus go háirithe i dtaca leis sin:

(a) gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i leith an tairbhí agus go bhfuil siad saor ón aon mhíráiteas ábharach agus go dtugann siad léargas fíorcheart ar an staid airgeadais agus ar na torthaí oibríochta;

(b) go ndearnadh na costais atá dearbhaithe a thabhú go hiarbhír;

(c) go bhfuil an ráiteas ioncaim uileghabhálach;

(d) go bhfuil na doiciméid airgeadais atá curtha ag an tairbhí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag luí le forálacha airgeadais an chomhaontaithe;

(e) gur comhlíonadh na hoibleagáidí a eascraíonn as Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, go háirithe as Airteagal 25 de;

(f) gur comhlíonadh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú seo, go háirithe as Airteagal II.9 agus Airteagal II.19 de;

(g) gur soláthraíodh na sochair neamhairgid go hiarbhír don tairbhí agus gur cuireadh luach orthu i gcomhlíonadh na rialacha b'infheidhme;

(h) go ndearnadh aon bharrachas de chistiú ón Aontas a thabhairt anonn go dtí an chéad bhliain airgeadais eile agus go ndearnadh é a úsáid sa chéad ráithe den bhliain airgeadais, de bhun Airteagal 226(7) den Rialachán Airgeadais nó a aisíoc le Parlaimint na hEorpa;

(i) go ndearnadh aon bharrachas d'acmhainní dílse a aistriú go dtí an cúlchiste.

AIRTEAGAL II.24. — CINNEADH AR AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Faoin 31 Nollaig sa bhliain i ndiaidh bhliain airgeadais N, déanfaidh Parlaimint na hEorpa an tuarascáil bhliantúil a fhormheas nó diúltú di, faoi mar a shonraítear in Airteagal II.23.1.

Más rud é nach bhfreagraíonn Parlaimint na hEorpa i scríbhinn laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis an tuarascáil bhliantúil a fháil, measfar go bhfuil an tuarascáil bhliantúil formheasta.

Tá formheas na tuarascála bliantúla gan dochar do mhéid deiridh an chistithe a shuíomh faoi Airteagal II.25, ar trína bhíthin sin a dhéanann Parlaimint na hEorpa an cinneadh deiridh i dtaobh incháilitheacht na gcostas.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa faisnéis bhreise a iarraidh ar an tairbhí chun go mbeadh sí i riocht cinneadh a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil. Sa chás go ndéantar iarraidh den sórt sin, déanfar an sprioc-am don chinneadh ar an tuarascáil bhliantúil a fhadú go dtí go mbeidh an fhaisnéis a iarradh faighte agus meastóireacht déanta ag Parlaimint na hEorpa uirthi. Féadfar an sprioc-am a fhadú freisin nuair a bheidh faisnéis bhreise iarrtha ag an Údarás de bhun Airteagal 29(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Má tá easnaimh shuntasacha sa tuarascáil bhliantúil, nó má chinneann an t-iniúchóir seachtrach nach féidir leo tuairim iniúchóireachta a fhoirmiú toisc easpa fianaise iniúchóireachta, féadfaidh Parlaimint na hEorpa í a dhiúltú gan aon fhaisnéis bhreise a iarraidh ar an tairbhí agus féadfaidh sí a iarraidh go ndéanfadh an tairbhí tuarascáil nua a thíolacadh laistigh de thréimhse 15 lá oibre.

Maidir le hiarrataí ar fhaisnéis bhreise nó ar thuarascáil nua, déanfar iad sin a chur in iúl i bhfógra i scríbhinn don tairbhí.

Má dhiúltaítear do thuarascáil bhliantúil a bhí tíolactha agus má iarrtar tuarascáil nua, beidh feidhm ag an nós imeachta formheasta a leagtar amach san Airteagal seo maidir leis an tuarascáil nua.

AIRTEAGAL II.25. — CINNEADH MAIDIR LE MÉID DEIRIDH AN CHISTITHE

II.25.1. **Tionchar na tuarascála bliantúla**

Beidh cinneadh Pharlaimint na hEorpa lena mbunaítear méid deiridh an chistithe bunaithe ar an tuarascáil bhliantúil a bheidh formheasta i gcomhréir le hAirteagal II.24. Sa chás go ndiúltóidh Parlaimint na hEorpa don tuarascáil bhliantúil go cinntitheach nó nach gcuirfidh an tairbhí aon tuarascáil bhliantúil isteach laistigh de na sprioc-amanna is infheidhme, féadfar costais neamh-incháilithe a leagan síos sa chinneadh maidir le méid deiridh an chistithe.

II.25.2. **Tairseach**

Beidh méid deiridh an chistithe teorannaithe don mhéid a leagtar síos in Airteagal I.4 agus ní bheidh sé níos mó ná 95 % de na costais incháilithe a tabhaíodh go hiarbhír.

II.25.3. **Barrachas a thabhairt ar aghaidh**

Más rud é, ag deireadh bhliain airgeadais N, go dtaifeadann an tairbhí barrachas ioncaim le hais an chaiteachais, féadfar cuid den bharrachas sin a thabhairt anonn go dtí bliain airgeadais N+1, i gcomhréir le hAirteagal 226(7) den Rialachán Airgeadais.

(a) *Sainmhíniú ar bharrachas*

Is é a bheidh i mbarrachas bhliain airgeadais N ná an difríocht idir iomlán na gcostas incháilithe agus suim na nithe seo a leanas:

(i) uasmhéid an chistiúcháin shealadaigh, de bhun Airteagal I.4;

(ii) acmhainní dílse an tairbhí atá curtha i leataobh chun costais incháilithe a chlúdach, agus aon chostais neamh-incháilithe a bheith clúdaithe roimhe sin ag an tairbhí as a chuid acmhainní dílse amháin; agus

(iii) aon bharrachas a bheidh tugtha ar aghaidh ó bhliain airgeadais N-1.

An barrachas a fhéadfar a thabhairt anonn go dtí bliain airgeadais N+1, ní rachaidh sé thar 25 % d'iomlán an ioncaim dá dtagraítear i bpointí (i) agus (ii).

(b) *An fhoráil do chostais incháilithe a chur i gcuntas*

An méid a thabharfar anonn go hiarbhír, déanfar é sin a iontráil sa chlár comhardaithe do bhliain airgeadais N mar 'foráil chun costais incháilithe na chéad ráithe de bhliain N+1 a chlúdach'. Beidh an fhoráil sin ina costas incháilithe do bhliain airgeadais N.

Thairis sin, déanfaidh socrú eatramhach na gcuntas amhail ón 31 Márta de bhliain N+1 ar a dhéanaí a chinneadh cad iad na costais incháilithe a tabhaíodh go hiarbhír amhail an dáta sin. Ní bheidh an fhoráil níos mó ná costais sin.

I mbliain N+1, déanfar an fhoráil a dhíscaoileadh agus ginfidh sí ioncam a úsáidtear chun costais incháilithe a chlúdach sa chéad ráithe de bhliain airgeadais N+1.

II.25.4. **Cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe**

Déanann Parlaimint na hEorpa rialú bliantúil ag féachaint an bhfuil an caiteachas ag comhlíonadh fhorálacha Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, an Rialacháin Airgeadais agus an chomhaontaithe. Gach bliain, glacann sí cinneadh i dtaobh mhéid deiridh an chistithe, agus déanfaidh sí é sin a chur in iúl go cuí i bhfógra don tairbhí.

Nuair a dhéantar méid deiridh an chistithe a shuíomh, déanfar imréiteach ar an réamh-mhaoiniú.

II.25.5. **Iarmhéid an chistithe**

Más rud é gur mó an réamh-mhaoiniú a bheidh íoctha ná méid deiridh an chistithe, déanfaidh Parlaimint na hEorpa an réamh-mhaoiniú a íocadh go míchuí a ghnóthú.

Más rud é gur mó méid deiridh an chistithe ná an réamh-mhaoiniú a bheidh íoctha, íocfaidh Parlaimint na hEorpa an t-iarmhéid.

II.25.6. Brabús

(a) *Sainmhíniú*

Sainmhínítear brabús in Airteagal 195(2) den Rialachán Airgeadais.

(b) *Cúlchistí a fhorbairt*

I gcomhréir le hAirteagal 195(2) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an tairbhí cúlchistí a fhorbairt as barrachas na n-acmhainní dílse, atá sainithe in Airteagal II.1.

An barrachas acmhainní dílse atá le haistriú go dtí an cuntas cúlchiste, is é a bheidh ann, más infheidhme, ná an méid de na hacmhainní dílse atá níos mó ná suim na n-acmhainní dílse atá riachtanach chun 5 % de na costais incháilithe a tabhaíodh go hiarbhír i mbliain airgeadais N a chlúdach agus 5 % de na costais atá ar áireamh san fhoráil atá le tabhairt ar aghaidh go dtí bliain airgeadais N+1. Beidh na costais incháilithe clúdaithe roimhe sin ag an tairbhí trína acmhainní dílse amháin.

I gcás acmhainní féinghinte, má théann an tairbhí thar an tairseach a shonraítear faoi Airteagal 25(13) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, ní san ioncam a dhearbhófar méid an ioncaim atá níos mó ná an tairseach, ach déanfar é a asbhaint as iomlán na gcostas incháilithe.

Ní dhéanfar an barrachas arna leithdháileadh chuig an gcúlchiste a chur san áireamh le haghaidh ríomh an bhrabúis.

Is chun costais oibríochtúla an tairbhí a chlúdach, agus chuige sin amháin, a úsáidfear an cúlchiste.

(c) *Gnóthú*

Ní bheidh brabús don tairbhí mar thoradh ar an gcistiú. Beidh Parlaimint na hEorpa i dteideal an céatadán den bhrabús a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais i leith na gcostas incháilithe a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 195(4) den Rialachán Airgeadais.

AIRTEAGAL II.26. — GNÓTHÚ

Má bhíonn méideanna íoctha go míchuí leis an tairbhí nó má bhíonn bonn cirt le nós imeachta um ghnóthú faoi théarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe, faoi Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 nó faoin Rialachán Airgeadais, déanfaidh an tairbhí na méideanna i dtrácht a aisíoc le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha agus faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa.

II.26.1. **Ús ar íocaíocht dhéanach**

Má mhainníonn an tairbhí an aisíocaíocht a dhéanamh faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa, déanfaidh Parlaimint na hEorpa ús ar íocaíocht dhéanach a chur chun muirir ar na suimeanna ag an ráta a leagtar síos in Airteagal II.16. Cumhdóidh an t-ús ar íocaíocht dhéanach an tréimhse idir dul in éag an sprioc-ama a bheidh leagtha síos don aisíocaíocht agus an dáta a bhfaighidh Parlaimint na hEorpa aisíocaíocht iomlán ar na suimeanna atá dlite, leis an dá dháta sin san áireamh.

Déanfar aon aisíocaíocht pháirteach a iontráil ar dtús in aghaidh muirear agus úis ar íocaíocht dhéanach agus is ina dhiaidh sin amháin a dhéanfar í a iontráil in aghaidh an bhunairgid.

II.26.2. **Fritháireamh**

Gan dochar do mhodhanna eile gnóthaithe dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais, mura mbeidh aon aisíocaíocht déanta faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos, féadfaidh Parlaimint na hEorpa na suimeanna atá dlite a ghnóthú trína bhfritháireamh in aghaidh aon suimeanna atá dlite don tairbhí nó in aghaidh aon chuntais eile, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. In imthosca eisceachtúla, arb é an gá le leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú is bonn cirt dóibh, féadfaidh Parlaimint na hEorpa gnóthú a dhéanamh roimh an dáta a bhfuil an íocaíocht dlite. Ní theastóidh toiliú roimh ré ón tairbhí chuige sin.

II.26.3. **Muirir bhainc**

Muirir bhainc a éiríonn ar scór ghnóthú suimeanna atá dlite do Pharlaimint na hEorpa, is é an tairbhí, agus eisean amháin, a íocfaidh iad.

AIRTEAGAL II.27. — RÁTHAÍOCHT AIRGEADAIS

Má iarrann Parlaimint na hEorpa ráthaíocht airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 156 den Rialachán Airgeadais, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) is banc nó institiúid airgeadais formheasta nó, má iarrann an tairbhí amhlaidh agus go nglacann Parlaimint na hEorpa leis, tríú páirtí a chaithfidh an ráthaíocht airgeadais a thabhairt;

(b) ní mór don ráthóir fónamh mar ráthóir céadéilimh agus ní chuirfidh sé de cheangal ar Pharlaimint na hEorpa éileamh a chur isteach ar dtús in aghaidh an phríomhfhéichiúnaí (i.e. an tairbhí i dtrácht); agus

(c) caithfidh an ráthaíocht airgeadais fanacht i bhfeidhm go sainráite go dtí go mbeidh an réamh-mhaoiniú imréitithe in aghaidh íocaíochtaí eatramhacha nó íoc an iarmhéid ag Parlaimint na hEorpa; más mar ghnóthú a tharlaíonn íoc an iarmhéid, caithfidh an ráthaíocht airgeadais fanacht i bhfeidhm go dtí go meastar an fiach a bheith imréitithe go hiomlán; agus caithfidh Parlaimint na hEorpa an ráthóir a scaoileadh ón gceangal laistigh den mhí dár gcionn.

AIRTEAGAL II.28. — RIALÚ

II.28.1. **Forálacha ginearálta**

Faoi réim a n-inniúlachta agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, agus Airteagal 205(1) agus Airteagal 204(1) in éineacht le hAirteagal 129 den Rialachán Airgeadais, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an tÚdarás, OLAF, OIPE i leith na mBallstáit sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán ón gComhairle (AE)) 2017/1939 ([6]) agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, tráth ar bith, a gcumhachtaí rialaithe faoi seach a fheidhmiú chun a fhíorú an bhfuil na hoibleagáidí a leagtar síos sa chomhaontú, i Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus sa Rialachán Airgeadais á gcomhlíonadh go hiomlán ag an tairbhí.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí leis na húdaráis inniúla agus déanfaidh sé an cúnamh uile is gá le haghaidh sheoladh a rialaithe a thabhairt dóibh.

Áiritheoidh an tairbhí go ndeonóidh aon tríú páirtithe, lena n-áirítear conraitheoirí agus fochonraitheoirí, atá bainteach le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a chistítear faoin gcomhaontú seo, cearta atá coibhéiseach leis na cearta a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal II.28.1 dá bhforáiltear in Airteagal 129(2) den Rialachán Airgeadais.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás cúram an rialaithe a tharmligean chun comhlachtaí seachtracha arna n-údarú go cuí chun gníomhú thar a gceann ('na comhlachtaí údaraithe'). Beidh feidhm ag an dualgas comhair i leith na gcomhlachtaí údaraithe sin i bhfeidhmiú na gcúraimí rialaithe arna dtarmligean chucu.

II.28.2. **An oibleagáid chun doiciméid agus/nó faisnéis a sholáthar**

Déanfaidh an tairbhí aon doiciméad agus/nó faisnéis, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach, a sholáthar nuair a iarrfaidh Parlaimint na hEorpa, an tÚdarás nó an comhlacht údaraithe ('an t-údarás inniúil') an méid sin.

Aon doiciméad nó fáisnéis a sholáthraíonn an tairbhí, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal II.6.

II.28.3. ***Seiceálacha* ar an láthair a dhéanann an t-údarás inniúil**

Féadfaidh an t-údarás inniúil seiceálacha ar an láthair a dhéanamh in áitreabh an tairbhí. Chuige sin, féadfaidh sé a iarraidh i scríbhinn go ndéanfadh an tairbhí socruithe iomchuí don tseiceáil sin laistigh de sprioc-am iomchuí atá le socrú ag an údarás inniúil.

I rith na seiceála ar an láthair, lamhálfaidh an tairbhí don údarás inniúil rochtain a fháil ar na láithreacha agus ar an áitreabh ina bhfuil an oibríocht á déanamh nó ina raibh sí á déanamh, chomh maith le rochtain a thabhairt dó ar an bhfaisnéis uile is gá, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach.

Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh an fhaisnéis ar fáil go héasca tráth déanta na seiceála ar an láthair agus go dtabharfar an fhaisnéis sin ar lámh i bhfoirm iomchuí.

II.28.4. **Nós imeachta *rialaithe* contrártha *ag Parlaimint na hEorpa***

Ar bhonn na bhfionnachtana a dhéantar i rith an nós imeachta rialaithe, déanfaidh Parlaimint na hEorpa tuarascáil réamhchonclúidí a tharraingt suas a sheolfar chuig an tairbhí. Féadfaidh an tairbhí barúlacha a chur isteach laistigh de 30 lá féilire ó dháta fála na tuarascála iniúchóireachta sealadaí.

([6]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireach Fómhair lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

Ar bhonn na bhfionnachtana sa tuarascáil réamhchonclúidí agus breathnuithe féideartha an tairbhí, leagfaidh Parlaimint na hEorpa a concúidí críochnaitheacha síos. D'éagmais barúlacha laistigh den sprioc-am sin, nó má ghlacann an tairbhí leis na réamhfhionnachtana, measfar na torthaí sin a bheith críochnaitheach.

II.28.5. **Éifeachtaí conclúidí agus fionnachtana rialaithe**

Gan dochar do cheart na Parlaiminte bearta a dhéanamh faoi Airteagal II.12 go hAirteagal II.14, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa aird ar na fionnachtana iniúchóireachta deiridh go cuí i gcomhthéacs mhéid deiridh an chistithe a shuíomh.

Aon chás de chalaois féideartha nó aon sárú tromchúiseach ar na rialacha is infheidhme a thagann chun solais sna conclúidí críochnaitheacha, déanfar iad a chur in iúl don údarás inniúil náisiúnta nó d'údarás inniúil an Aontais le haghaidh gníomh iardain a dhéanamh dá ndroim.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa an cinneadh maidir le méid deiridh an chistithe a choigeartú ar bhonn na rialuithe *ex-post* arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 74(6) den Rialachán Airgeadais.

II.28.6. **Cearta rialaithe ag OLAF**

Feidhmeoidh OLAF a chearta rialaithe i leith an tairbhí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, agus go háirithe i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([7]) ón gComhairle, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 29(4) agus Airteagal 30(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí le OLAF agus déanfaidh sé an cúnamh uile is gá le haghaidh sheoladh an rialaithe a thabhairt do OLAF.

II.28.7. **Cearta rialaithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

Feidhmeoidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a ceart rialaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, agus go sonrach i gcomhréir le hAirteagal 129 den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 30(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Beidh feidhm ag Airteagail II.28.2 agus II.28.3.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí leis an gCúirt Iniúchóirí agus tabharfaidh sé an cúnamh uile is gá don Chúirt sin le linn dó an rialú a sheoladh.

II.28.8. **Cearta rialaithe ag OIPE**

Feidhmeoidh OIPE a chearta rialaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 agus leis na rialacha is infheidhme den Rialachán Airgeadais.

Comhoibreoidh an tairbhí go cuí le OIPE agus tabharfaidh sé an cúnamh uile is gá dó le linn dó an rialú a sheoladh.

II.28.9. **Breithniú ar thorthaí rialaithe agus méid deiridh an chistithe á chinneadh**

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, tráth ar bith, na fionnachtana mar thoradh ar na rialuithe a dhéanann na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal II.28.1 a chur i gcuntas chun méid deiridh an chistithe a bhunú nó a mhodhnú fad a urramófar ceart an tairbhí chun éisteacht a fháil faoi Airteagal II.18 den chomhaontú seo.

([7]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

([8]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

II.28.10. **Mainneachtain na hoibleagáidí faoi Airteagal II.28.1 go h*Airteagal II. 28.3***

Mura gcomhallfaidh an tairbhí na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal II.28.1 go hAirteagal II. 28.3, féadfaidh Parlaimint na hEorpa a mheas go bhfuil aon chostas nár thug an tairbhí bunús leordhóthanach ina leith neamh-incháillithe.

SÍNITHE

Thar ceann an Tairbhí*)
[sloinne/céadainm/feidhm]

[síniú]

Arna dhéanamh in [áit], [dáta]

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
[sloinne/céadainm]

[síniú]

Arna dhéanamh in [áit], [dáta]

I ndúblach as Gaeilge

IARSCRÍBHINN 1

BUISÉAD MEASTA

BUDGET FORM **[FOUNDATION]**
FINANCIAL YEAR [N]

EXPENDITURE				
			Budget	Implemented
A. ELIGIBLE COSTS	**A.1.**	**Personnel expenditure**	**0,00**	**0,00**
	A.1.1.	Salaries and equivalent		
	A.1.2.	Social contributions		
	A.1.3.	Other personnel expenditure (e.g. trainings, mission costs)		
	A.2.	**Infrastructure and other administrative expenditure**	**0,00**	**0,00**
	A.2.1.	Rent, charges and maintenance costs of immovable property		
	A.2.2.	Stationery and office supplies, small equipment and software		
	A.2.3.	Depreciation of tangible and intagible assets		
	A.2.4.	Printing, editing, translation and reproduction costs		
	A.2.5.	Legal costs		
	A.2.6.	Accounting and audit costs, bank fees		
	A.2.7.	Miscellaneous (e.g. other services, administrative meetings)		
	A.3.	**Meetings, research & communication**	**0,00**	**0,00**
	A.3.1.	Costs of meetings, seminars, events		
	A.3.2.	Costs of studies and research		
	A.3.3.	Documentation costs (newspapers, press agencies, databases)		
	A.3.4.	Digital presence & social media		
	A.3.5.	Publicity costs		
	A.3.6.	Other related costs		
	A.4.	**Support to third parties**		
	A.5.	**Miscellanious deductions**		
	A.6.	**Allocation to Provision to cover eligible costs of the first quarter of year N+1**		
	TOTAL ELIGIBLE COSTS		**0,00**	**0,00**
B. INELIGIBLE COSTS	**B.1.**	**Provisions, impairments & write-offs**		
	B.2.	**Interests owed and exchange losses**		
	B.3.	**Non-cash benefits**		
	B.4.	**Net impact of reclassifications related to previous years**		
	B.5.	**Others (to be specified)**		
	TOTAL INELIGIBLE COSTS		**0,00**	**0,00**
C.	**TOTAL EXPENDITURE**		**0,00**	**0,00**

REVENUE				
			Budget	Implemented
D. EP FUNDING	**D.1.**	**European Parliament funding estimated / used in year N**	**0,00**	**0,00**
	D.1.1.	Dissolution of Provision from N-1 to cover eligible costs of the first quarter of year N		
	D.1.2.	European Parliament funding requested (provisional) / awarded (actual) for year N		
E. OWN RESOURCES	**E.1.**	**Member financial contributions**	**0,00**	**0,00**
	E.1.1.	from member organisations		
	E.1.2.	from individual members		
	E.2.	**Financial donations**	**0,00**	**0,00**
		(to be specified)		
	E.3.	**Self-generated resources**	**0,00**	**0,00**
		(e.g. participation fees, sales of publications)		
	E.4.	**Other revenue not covered by Regulation (EU, Euratom) 2025/2445**	**0,00**	**0,00**
		(to be specified)		
	E.5.	**Non-cash benefits**	**0,00**	**0,00**
	E.5.1.	Member non-cash contributions		
	E.5.2.	Non-cash offerings		
	TOTAL OWN RESOURCES		**0,00**	**0,00**
F.	**TOTAL REVENUE**		**0,00**	**0,00**

G.	**SHARE OF SELF-GENERATED RESSOURCES AND OTHER REVENUE IN TOTAL EXPENDITURE**	**#DIV/0!**	**#DIV/0!**
H.	**PROFIT/LOSS**	**0,00**	**0,00**
I.	**INTEREST FROM EP PRE-FINANCING**		

= manual data input

IARSCRÍBHINN 2

CLÁR OIBRE

[le cur isteach in aghaidh gach iarratais ar chistiú]